
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

# Tionscadal Éireann 2040
## Tuarascáil Bliantúil 2019

Deireadh Fómhair 2020



Ullmhaithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe
**gov.ie/2040**

# Réamhrá

Tá áthas orm Tuarascáil Bliantúil i gcomhair Thionscadal Éireann 2040 a fhoilsiú i gcomhair 2019. Tá an Tuarascáil seo forlíonta ag naoi dTuarascáil Réigiúnach a thabharfaidh forléargas mionsonraithe ar na infheistíochtaí poiblí déanta ar fud na tíre.

Cuimsíonn Tionscnamh Éireann 2040 an Plean Forbartha 2018-2027 agus an Creatlach Pleanála Náisiúnta agus is é seo an chéad uair go bhfuil pleanáil agus infheistíocht nasctha go follasach in Éirinn. Roimh 2040 táthar ag súil go bhfásfaidh daonra na hÉireann os cionn 1 milliún agus beidh sé 5.7 milliún daoine. Tabharfaidh an cur chuige pleanála spáis leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040 tacaíocht don fhás sin. Tá seachadadh rathúil riachtanach chun inbhuanaitheacht eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil na hÉireann a dhaingniú ar feadh na cúpla deich mbliana le teacht.

Cuireann tionchar Covid-19 dúshláin nua romhainn anois le bac ar sheachadadh infreastruchtúir ar fud na hÉireann. Ó seoladh Tionscadal Éireann 2040 siar i mí Feabhra 2018, tugadh áit tosaíochta agus méadú d'infheistíocht ar infreastruchtúr. Tá caiteachas caipitil geallta le méadú in 2021 go os cionn €9.1 billiún agus d'ainneoin Covid-19. Fanfaidh infheistíocht phoiblí san earnáil tógála in Éirinn in 2020 agus 2021 i measc na cinn is airde san AE. Teastaíonn an infheistíocht sin chun forbartha infreastruchtúir sóisialta, eacnamaíoch agus aeráide. Fanann an Rialtas tiomanta do Thionscadal Éireann 2040 agus bhí an píblíne tionscnaimh infheistíochta poiblí mionsonraithe sa phlean, de réir fianaise ó Spreagadh Iúil le déanaí ina raibh €500m caiteachais caipitil breise fógartha. Beidh na tionscnaimh sin ag gníomhú mar chobhsaitheoirí eacnamaíocha thar an tréimhse atá le teacht agus beidh siad ríthábhachtach chun na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta aitheanta i dTionscadal Éireann 2040 a sheachadadh. Beidh athbhreithniú tráthúil ar an bPlean Forbartha Náisiúnta le faisnéis ón ndul chun cinn déanta in 2018 agus 2019.

Tugann an cháipéis seo achoimre ar an ndul chun cinn déanta in 2019 faoi réir gach Toradh Straitéiseach Náisiúnta - Fás Comhdhlúth; Inrochtaineacht Réigiúnach Feabhsaithe; Geilleagair Tuaithe Neartaithe; Soghluaisteacht Inbhuanaithe; Geilleagar Láidir le Tacaíocht ó Fhiontar, Nuálaíocht agus Scileanna; Nascacht Idirnáisiúnta ar Ardchaighdeán; Conláistí agus Oidhreacht Fheabhsaithe; Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin agus Seasmhach ó Thaobh na hAeráide; Bainistíocht Inbhuanaithe ar Fhuíolluisce agus Acmhainní Comhshaoil eile; agus Rochtain ar Chúram Leanaí agus Seirbhísí Sláinte Cáilíochta.

Má dhéantar dul chun cinn chun na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta sin a réadú, tabharfaidh sin múnla do shamhail nua forbartha fisicigh dár dtír, ag tiomáint dul chun cinn substainteach sa gheilleagar, sóisialta agus comhshaoil mar oileán i gcomhthéacs domhanda Eorpach. Tugann an Tuarascáil Bliantúil taifead freisin ar dhul chun cinn i gCreatlach Pleanála Náisiúnta, chomh maith le dul chun cinn in athchóirithe ar mhonatóireacht agus cur i bhfeidhm Tionscadail Éireann 2040.

Is aidhm leis na leathanaigh a leanas taifead a dhéanamh ar an ndul chun cinn déanta in 2019, in ainneion dúshláin gan fasach atá romhainn anois i ngeall ar Covid-19, socraithe mar bhonn láidir ratha in 2020 agus tar éis. Agus mé ag scríobh, tá m'oifigigh ag ullmhú chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta. Tabharfaidh an t-athbhreithniú seo measúnú ar na coigeartuithe agus athailíniú a theastaíonn don NDP ionas gur féidir tosaíochtaí an pholasaithe a sheachadadh de réir leagtha amach i gClár an rialtais le déanaí a chinntíonn gur féidir linn tír a thógáil do gach duine is againne.



**Michael McGrath TD,**
An tAire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe

# Ábhair

**Cuid 1:** Forléargas agus Comhthéacs Eacnamaíoch ....................................................................................1

**Cuid 2:** Ár dTorthaí Straitéiseacha Náisiúnta a Sheachadadh..............................................................................4

2.1 Fás Comhdhlúth........................................................................................................................................5

2.2 Inrochtaineacht Réigiúnach Feabhsaithe.....................................................................................................8

2.3 Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe..................................................................................................9

2.4 Soghluaisteacht Inbhuanaithe..................................................................................................................14

2.5 Geilleagar Láidir le Tacaíocht ó Fhiontar, Nuálaíocht agus Scileanna...........................................................16

2.6 Nascacht Idirnáisiúnta Ardchaighdeáin......................................................................................................22

2.7 Conláistí agus Oidhreacht Fheabhsaithe....................................................................................................24

2.8 Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin agus Seasmhach ó thaobh na hAeráide.................................................25

2.9 Bainistíocht Inbhuanaithe ar Fhuíolluisce agus Acmhainní Comhshaoil eile..................................................27

2.10 Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus Seirbhísí Sláinte Ardchaighdeáin...........................................28

2.11 Earnálacha Eile........................................................................................................................................30

**Cuid 3: An Diminsean Spásúil**.........................................................................................................32

**Cuid 4: Athchóiriú, Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm**......................................................................34

# Cuid 1:
# Forléargas agus Comhthéacs Eacnamaíoch

Straitéis fadtréimhseach uileghabhálach is ea Tionscadal Éireann 2040 chun tír níos fearr a dhéanamh d'Éire i gcomhair gach duine. Léiríonn Tionscadal Éireann 2040 cur chuige nua ar fhorbairt shóisialta agus gheilleagair. Is é seo an chéad uair go bhfuil pleanáil spásúil agus infheistíocht nasctha go follasach in Éirinn.

Faoi 2040, beidh a thuilleadh milliún duine ina gcónaí inár dtír. Is aidhm le Tionscadal Éireann 2040 freastail don fhás seo ar bhealach cothrom inbhuanaithe agus an infheistíocht a chur i bhfeidhm a theastaíonn chun rathúnas a cheadú. Sna chéad dhá bhliana, tá Tionscadal Éireann 2040 ag feabhsú nascachta réigiúnaí, ag tacú le iomaíochas náisiúnta agus ag cur feabhais ar inbhuanaitheacht chomhshaoil. Foilsíodh Tuarascáil Bliantúil Thionscadal Éireann 2040 le haghaidh 2018 i mBealtaine 2019.

## 1.1 An Comhthéacs Eacnamaíoch do 2019

In 2019, lean Éire i measc na geilleagair is gasta a fhásann san Aontas Eorpach. D'fhás OTI 5.6% in 2019. Bhí an fás sin go mór ar bhonn figiúirí onnmhairíochta an-láidir, cé go raibh fás san earnáil áitiúil níos boige.

Mhéadaigh aschur ag an earnáil tógála in 2019 (féach Tuarascáil Build 2020) ach tháinig ardleibhéil boilscthe leis sin san earnáil agus fás eacnamaíoch smachtaithe.

Lean na rioscaí sa gheilleagar domhanda agus bhí éiginnteacht ón Bhreaitimeacht i gcónaí ag bagairt Tionscadail Éireann 2040.

Leanann an comhthéacs seo ag cur béim ar an ngá chun cuspóirí ginearálta Thionscadail Éireann 2040 a bhaint amach, i dtéarmaí stoc náisiúnta infreastruchtúir a fhairsingiú agus patrún spásúil na forbartha a athrú araon.

## 1.2 Fás Infheistíochta in 2019

Tá Tionscadal Éireann bunaithe ar mhéadú géar in infheistíocht phoiblí thar an meán-téarma.

Is é an beart oifigiúil infheistíochta iomláine san earnáil (lena n-áirítear infheistíocht phríobháideach agus phoiblí) é Oll-infheistíocht (GFCF) san earnáil Tógála. Bhí infheistíocht iomlán measta ag €27 billiún do 2019 agus clúdaíonn sé tithíocht, tógáil tráchtála, innealtóireacht shibhialta agus infreastruchtúr poiblí. Comhdhéanann sé sin €19.8 billiún in infheistíocht phríobháideach agus €7.7 billiún in infheistíocht phoiblí.

Ag tacú le seachadadh Tionscadail Éireann 2040 in 2019 bhí ardú 24% in infheistíocht poiblí.


Bhí infheistíocht phoiblí in Éirinn in 2020 réamh-mheasta le bheith 4 faoin gcéad ioncaim náisiúnta (GNI*) i gcomparáid le meán AE le blianta beaga 2.9 faoin gcéad (GDP).

**Infheistíocht an Státchiste i ngach Roinn 2018, 2019 agus 2020**

| Grúpa Vóta na Roinne | 2018<br>€m | 2019<br>€m | 2020<br>€m |
|---|---|---|---|
| Talmhaíocht, Bia agus Muirí | 274 | 260 | 274 |
| Gnó, Fiontair agus Nuálaíocht | 527 | 577 | 632 |
| Páistí agus Cúrsaí Óige | 26 | 26 | 31 |
| Cumarsáidí, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol | 192 | 211 | 382 |
| Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | 54 | 70 | 81 |
| Cosaint | 95 | 138 | 113 |
| Oideachas agus Scileanna | 741 | 941 | 922 |
| Cúrsaí Fostaíochta agus Social Protection | 8 | 7 | 15 |
| Maoiniú | 23 | 28 | 22 |
| Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | 12 | 14 | 13 |
| Sláinte | 513 | 689 | 854 |
| Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | 1,773 | 2,151 | 2,240 |
| Ceartas agus Comhionannas | 147 | 162 | 269 |
| Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | 190 | 180 | 225 |
| Tuath agus Forbairt Pobail | 95 | 138 | 150 |
| Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 1,324 | 1,536 | 1,943 |
| Iomlán | 5,996 | 7,129 | 8,166 * |

2018 - Cuntais Dílsithe iniúchta
2019 - Olltoradh Sealadach
2020 - An tImleabhar Meastachán Athbhreithnithe

**Infheistíocht Caipitil na hÉireann faoi réir an NDP 2018-2027**




Foinse: Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 agus Meastacháin Athbhreithnithe 2020

## 1.3 Infheistíocht Chaipitil agus Gníomhaíocht in 2020

Cé gurb é príomh-fhócas na tuarascála seo é breathnú siar ar éachtaí 2019, is oiriúnach freisin smaoineamh ar thionchar suntasach a d'imir an paindéim Covid-19 ar infheistíocht phoiblí in 2020. D'eascraigh na bearta sláinte poiblí curtha i bhfeidhm in 28 Márta 2020 chun stop a chur le scaipeadh Covid-19 i ndúnadh beagnach gach suíomh tógála, seachas tionscnaimh riachtanacha ar tréimhse 7 seachtainí.

*Mar fhreagra díreach ar Covid-19, rinneadh athbhreithnithe riachtanacha ar scála mór ar leithdháilte caipitil do 2020 go háirithe i Sláinte agus Gnó, Fiontair agus Nuálaíocht. Ina dhiaidh sin, mar chuid den Spreagadh mhí Iúil, cuireadh €500 eile ar fáil chun oibreacha caipitil a luasghéarú thar raon leathan earnálacha chun poist agus gníomhaíocht eacnamaíoch a ghiniúint i ngach ceantar den tír.

Cuideoidh an pacáiste infheistíochta seo faoiseamh a thabhairt do thionchar eacnamaíoch ginearálta ar an ngníomhaíocht thógála mar thoradh as an tionchar ar ár sochaí de bharr Covid-19, agus maolú a dhéanamh ar an laghdú suntasach ar infheistíocht an earnála príobháidigh go dtí seo in 2020. Clúdaíonn na tionscnaimh agus cláir scóip leathan geografach agus earnála, agus áirítear leo go háirithe tithíocht, oideachas, iompar inbhuanaithe, cosaint don chomhshaol agus oidhreacht/turasóireacht.

Tá an rialtas tiomanta freisin chun leithdháileadh ginearálta a choinneáil i

gcomhair 2011 ag leibhéal €9,161 milliún, agus €1 billiún nó 12% níos airde ná an leithdháileadh bunaidh sa bhuiséad 2020, a cheadóidh neartú níos mó ar thosaíochtaí leagtha amach i gClár an Rialtais, ag cothú muiníne freisin thar an earnáil tógála agus dá bharr ag tacú do phíoblíne an seachadta agus tógáil acmhainne tríd an gcuid eile de 2020. Beidh cumraíocht chruinn agus tosaíochtaí don leithdháileadh caipitil ginearálta do 2021, lena n-áirítear an cúlchiste gan leithdháileadh fágtha socraithe don NDP, sonraithe a thuilleadh agus níos cuimsithí i gcomhthéacs Buiséid 2021 agus Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta.

## 1.4 Struchtúr an Tuarascála

Leagann an tuarascáil seo amach an dul chun cinn déanta ag dara bhliain Thionscadail Éireann 2040. Tugann Cuid 2 breac-chuntas ar na príomh-aschuir faoi réir gach Aschuir Thionscnamh Éireann 2040, atá mar a leanas:

- Fás comhdhlúite
- Inrochtaineacht réigiúnach feabhsaithe
- Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe
- Soghluaisteacht inbhuanaithe
- Geilleagar láidir le tacaíocht ó fhiontar, nuálaíocht agus scileanna
- Nascacht idirnáisiúnta ardchaighdeáin
- Conláiste feabhsaithe agus oidhreacht
- Aistriúchán do sochaí ísealcharbóin, solúbtha ó thaobh comhshaoil
- Acmhainní fuíolluisce agus comhshaoil eile inbhuanaithe
- Cúram leanaí, oideachas agus seirbhísí sláinte inbhuanaithe
- Earnálacha infheistíochta poiblí eile

Cuireann Cuid 2 béim freisin ar thosaíochtaí ardleibhéil do 2019 faoi réir gach aschuir.

Déanann Cuid 3 nuashonrú ar dul chun cinn leis an ndiminsean spásúil ag Tionscadal Éireann 2040 agus cur síos ar athrú reachtaíochta agus institiúidí socraithe chun polasaí pleanála náisiúnta a shocrú.

Tugann Cuid 4 réimse athruithe institiúide agus eagraíochta curtha i bhfeidhm in 2019 chun tacú le seachadadh Thionscnamh Éireann 2040. Déanann an chuid seo cur síos freisin ar athruithe le bheith curtha i bhfeidhm in 2020 le aidhm chun feabhas a chur ar rialachas an tionscnaimh, cruinneas níos mó a thabhairt chun costais tionscnaimh a thuar agus athchóirithe ar na próisis chun an tionscadal a roghnú agus a sholáthar.



Vartry Reservoir, Contae Chill Mhantáin

# Cuid 2:
# Ár dTorthaí Straitéiseacha Náisiúnta a Sheachadadh

Shocraigh Tionscadal Éireann 2040 an deich Aschur Straitéiseach Náisiúnta (NSO) tógtha ar théamaí ginearálta leasa, comhionannais agus deiseanna. Leabaíonn an deich dtosaíocht nasc idir an cur chuige nua don phleanáil spásúil agus ár straitéis infheistíochta poiblí náisiúnta. Shocraigh dara bhliain Thionscadal Éireann 2040 dul chun cinn soiléir thar gach NSO, de réir leagtha amach sa Chuid seo.



## 2.1 Fás Comhdhlúth

Léirigh Tionscadal Éireann 2040 intinn an Rialtais, agus thaispeáin sé meon poiblí, chun dul amach ó phatrúin forbartha bunaithe ar sraoilleáil "ghnó mar is gnáth" agus cur chuige níos comhdhlúite, inbhuanaithe agus lárnaithe sa phobal. Tá fás comhdhlúite liostaithe mar an chéad cheann d'Aschuir agus Tosaíochtaí Straitéiseacha laistigh an Chreatlaigh Pleanála Náisiúnta (NPF).

Áirítear le bearta praicticiúla a thacaíonn le fás comhdhlúite treoraíocht nua ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) ar fhorbairt árasáin (2018) agus airde a thógáil i limistéir uirbeacha (Nollaig 2018) araon. Cinnteoigh Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR) bunaithe in Aibreán 2019, go bhfuil pleananna réigiúnacha agus spásúla áitiúla i gcomhréir leis agus ag tacú le seachadadh aschuir fhás uirbigh comhdhlúite. Tá próiseas curtha istigh Fhorbairt Tithíochta Straitéisigh de chuid An Bhoird Pleanála ag tabhairt faomhaidh do leibhéil suntasaí tionscnaimh tithíochta, lena n-áirítear árasáin, i limistéir uirbeacha tábhachtacha. I mí na Nollag 2019, bhí socrúcháin SHD sínte i gcomhair dhá bhliain eile go 31 Nollag 2021, i ngeall ar mholadh ag Grúpa Athbhreithnithe bunaithe faoi réir rialacháin chun smaoineamh ar éifeachtacht na socrúchán.

Rinne an Gníomhaireacht Forbartha Talún (LDA), óna bhunaíocht, dul chun cinn suntasach i réimse forbartha comhdhlúite agus dlúthú thar an naoi suíomh tosaigh a bhfuil sé ag obair leo. Trí mheán sampla, tá an LDA ag obair le Comhairle Contae Ráth Dúin i nDún Laoire chun 597 aonad tithíochta a sheachadadh ag suíomh i Seangánach, an tSeanchoill, a chuirfidh chun cinn iarrachtaí leanúnacha an Rialtais i gcomhair pobail uirbeacha comhdhlúite deartha go maith. Seoladh iarratas i gcomhair pleanála don suíomh seo agus bhí sé faofa ó shin (2020).

Leis sin, thosaigh DHPLG obair in 2019 ar Dhréacht do Threoirlínte an Phleain Forbartha. Tabharfaidh na Straitéisí Spásúla Réigiúnacha agus Eacnamaíocha (RSESs) agus forbairt treoirlínte nua a thuilleadh cúnaimh le aistriú na bprionsabal fáis comhdhlúite de réir leagtha amach san NPF go leibhéil réigiúnacha agus áitiúla déanta pleain. Ar deireadh, imreoidh an cur chuige faoi cheannas an phleain tionchar ar an suíomh agus cineál forbartha a tharlaíonn ar fud na tíre.

Tá cumasú leanúnach agus comh-ailíniú idir go leor tacaíochtaí maoinithe difriúla i ndíriú ar thairiscintí infheistíochta caipitil straitéiseacha a thacaíonn le forbairt réigiúnach, fás uirbeach comhdhlúite agus tionscnaimh athshlánaithe uirbigh fós in áit tosaíochta.

### Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR)

Bunaíodh Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR) in Aibreán 2019. Tá an OPR freagrach as measúnú ar gach pleanáil chun tosaigh údaráis áitiúla agus réigiúnach, lena n-áirítear cinntí criosaithe. Tá cumhacht ag an Rialaitheoir comhairle a thabhairt don Aire chun fáil amach má théann plean déanta ag údarás áitiúil i gcoimhlint le polasaí pleanála náisiúnta, agus moladh go ndéanfaidh an tAire treoracha nuair nach mbíonn aon phlean i gcomhréir le polasaí náisiúnta. Cinnteoidh an Rialaitheoir freisin go bhfuil údaráis pleanála ag oibriú ar na caighdeáin is airde slánchúis agus dea-chleachtais, ag cinntiú go bhfuil cinntí ina róil déanta pleain forbartha i gcomhréir le polasaithe náisiúnta agus réigiúnacha de réir leagtha amach in NPF agus RSES Réigiúnacha.

Sa tréimhse idir bunaíocht an OPR in Aibreán 2019 agus Nollaig 2019, thug an OPR measúnú agus ionchur ar chúig déag phróiseas pleanála chun tosaigh reachtúla údaráis. Áirítear leis sin moltaí a dhéanamh do dhréachtaí ar phleananna limistéir áitiúla, athruithe do phleananna forbartha na cathrach / contae agus cabhair ar pháipéir buncheisteanna an phleain forbartha.

Tá cumhacht ag an Rialaitheoir chun athbhreithniú a thabhairt ar an eagraíocht, córais agus nósanna imeachta úsáidte ag aon údarás pleanála nó An Bord Pleanála. I ndiaidh glacadh leis an modheolaíocht sin, beidh an OPR in ann ansin tús a chur lena chlár athbhreithnithe. Is féidir leis an OPR na athbhreithnithe sin a thosú ag a orduithe féin, ar iarracht an Aire, nó i ngeall ar ghearáin ó

bhaill an phobail. In 2019, thug OPR maoirseacht ar os cionn 250 líne aonair comhfhreagrais ó bhaill an phobail.

Leanfaidh an OPR freisin ag tiomáint taighde náisiúnta, cláir oideachais agus faisnéise phoiblí chun béim a chur ar ról agus buntáiste pleanála, lena n-áireofar monatóireacht ar chur i bhfeidhm an NPF. Leis sin, tháinig an OPR in éineacht le DHPLG i gcuibhreannas coimisiúnaithe a chomhdhéanann Rialtas na hÉireann, na hAlbain, na Breataine Bige agus Shasana chun taighde a dhéanamh dírithe ar na aschuir is tábhachtaí a aithint i bpleanáil spásúil agus bealaí indéanta chun iad a thomhais.

Cuireadh tús le clár oiliúna do Bhaill Tofa ag an OPR in 2019, le cuspóir chun saineolas a thabhairt do bhaill tofa ar an bpróiseas pleanála, ag athdhearbhú a róil agus freagrachtaí laistigh an chórais pleanála agus a bhfeidhmeanna chun pleanáil cuí agus forbairt inbhuanaithe a chinntiú.

### An Gníomhaireacht um Fhorbairt Talún

Bunaíodh an Gníomhaireacht um Fhorbairt Talún (LDA) le reachtaíocht thánaisteach i Meán Fómhair 2018. In Iúil 2019, d'fhaomhaigh an Rialtas dréachtú ar Bhille Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún 2019, chun bunaíocht an LDA a chumasú faoi réir reachtaíocht phríomha.

Bhí an LDA socraithe chun úsáid optamach a chinntiú ar thalamh an Stáit, leis an gcuspóir ginearálta a bhaineann le suíomhanna a chomhordú i gcomhair athshlánaithe agus forbartha, go háirithe seachadta baile, le linn díriú ar shuim ginearálta poiblí chun úsáid talún a shonrú. Tá croílár deis ofráilte ag an LDA timpeall cruinnithe talún straitéisigh fadtréimhseach, ar féidir leis eascrú i seachadadh suas go dtí 150,000 teach thar tréimhse 20 bliain. Cuideoidh seachadadh na gcuspóirí fáis comhdhlúite san NPF ó úsáid níos fearr níos straitéisí as talaimh poiblí.

Aithníodh tráinse tosaigh ar naoi suíomh straitéiseach le obair ag dul chun cinn ina bhforbairt faoi láthair. Bhí obair ullmhúcháin suntasach déanta chun forbartha na suíomhanna straitéiseacha sin le léarscáiliú, pleanáil, innealtóireacht, agus staidéir comhshaoil ar siúil.

### Ceithre Chiste Cumasaithe Tionscadail Éireann 2040

Tabharfaidh an ceithre chiste Thionscadail Éireann 2040, ar luach iomlán €4bn go 2027, cúnamh ó dheontas státchiste chun tacú le athshlánú uirbeach agus tuaithe agus teicneolaíochtaí forbartha, suaiteach agus ar son na haeráide.  Is cistí iomaíocha bunaithe ar thairiscintí an ceithre cheann go léir, agus forbraíodh an ceann is mó, €2bn Chiste Athshlánaithe Uirbigh agus Forbartha (URDF) ag DHPLG do bhearta tacaíochta a chuideoidh le forbairt níos inbhuanaithe na gcathracha agus bailte móra.  Chuidigh DHPLG freisin le próiseas Chiste Athshlánaithe Tuaithe agus Forbartha (RRDF), le maoirseacht ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD).

### Ciste Athshlánaithe Uirbigh agus Forbartha (URDF)

Bunaíodh an Ciste Athshlánaithe Uirbigh agus Forbartha (URDF) chun tacú le forbairt níos comhdhlúite agus inbhuanaithe, trí athshlánú agus athnuachan chúig chathair na hÉireann agus bailte móra eile, i gcomhréir le cuspóirí an NPF agus Plean Forbartha Náisiúnta (NDP). Tá sé sin chun gur féidir le roinnt níos mó forbartha tithíochta agus úsáide measctha a bheith seachadta laistigh coislorga ionsuite reatha ár gcathracha agus bailte móra. Tá an maoiniú dírithe freisin ar a chinntiú gur féidir le níos mó de limistéir uirbeach éirí tarraingteach, le áiteanna bríomhara ina mbeidh daoine ag iarraidh cónaí agus a bheith ag obair, chomh maith le infheistíocht agus cuairt.

I ndiaidh Glao 1 in Iúil 2018, bhí cuireadh ann do thairiscintí i gcomhair tacaíochta mhaoinithe ón URDF agus bhí ar iomlán 189 iarratas faighte. I lár 2019, i ndiaidh próisis measúnaithe dian, bhí faomhadh i bprionsabal agus leithdháilte maoinithe sealadacha eisithe maidir le 87 tionscnaimh móra ar fud na tíre. Tá píblíne suntasach na dtionscadal socraithe chun tionchar trasfhoirmithe a imirt ar limistéir

uirbeacha timpeall na tíre. Tugann an 87 tionscadal faofa faoi réir Glao 1 scaipeadh réigiúnach maith, agus cuimsíonn siad go leor téamaí. Léiríonn éagsúlacht an chéad tráinse de thionscadail an béim leathan agus nádúr freagrach an Chiste.  Tríd an URDF, tá iarratasóirí rathúla ag fáil tacaíochta comhtháite dírithe do réitithe iomlánacha nuálaíocha ar na ceisteanna a chuir bac ar athshlánú agus athnuachan ár mbailte móra agus cathracha. Bhí fáilte mór ann don chlár agus go leor tacaíochta agus tá an Roinn ag obair go dlúth le iarratasóirí rathúla chun na tionscadail sin a bhrú chun cinn chomh gasta agus is féidir.

| Príomh-chomhairle | Tionscnamh |
|---|---|
| Deisceart Bhaile Átha Cliath | Ionad Baile Tamhlachta (Plaza Sibhialta/Bóthar Nasctha) |
| Dún Laoghaire Ráth an Dúin | Páirceanna Poiblí Choill na Silíní, Rianta glasa agus Tánú |
| Tiobrad Árann | Cluain Meala 2030 Athshlánú Trasfhoirmithe |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | Sráid Inis Mhic an Doirn Oirthuaisceart Ionchathair |
| Laois | Port Laoise - Ceathrú Cultúrtha |
| Liatrom | Feabhsúchán sa Réim Poiblí Scéim Chora Droma Rúisc |
| Cill Mhantáin | Droichead Iompair Poiblí Bhré |
| An Mhí | Bóthar Ashbourne agus Feabhsúchán sa Réim Poiblí |
| Cill Chainnigh | Ceathrú na Mainistreach (Le ceadú ón Réim Poiblí) |
| Contae Chorcaigh | Bóthar Faoisimh Iarthair Charraig Uí Leighin |
| Port Láirge | Cathair Phort Láirge agus Purláin - Céanna an Tuaiscirt |
| Sligeach | Droichead Garavogue Oirthir Agus Scéim Bhóithre |
| Maigh Eo | Ceathrú Nuálaíochta Bhéal an Átha |
| Cill Mhantáin | Baile Chill Mhantáin |
| Ros Comáin | Cearnóg an Mhargaidh agus Plean Réime Poiblí Príomhshráide |

Léiríonn an tábla a leanas an 15 tionscadal is rathúla ón chéad ghlao ar iarratais faoi réir an Chiste.

Tacaíonn infheistíocht chaipitil Státchiste dírithe suntasach leis an NPF tríd an URDF. Tá €550 milliún ar fáil chun tacú le tionscadail suas go dtí 2022 agus iomlán €2 billiún ar fáil suas go dtí 2027 faoi réir an NDP. Ina chéad bhliain caiteachais, 2019, bhí €18.6m i maoiniú á tharraingt síos ag iarratasóirí maidir le tionscadail tacaithe URDF, agus tá €130m ar fáil chun tacú leo sin agus tionscadail cosúla in 2020.

## Straitéisí Spásúla Réigiúnacha agus Eacnamaíoch

Bhí dul chun cinn déanta ar na Straitéisí Spásúla Réigiúnacha agus Eacnamaíoch (RSESs) agus críochnaithe le linn 2019. Foilsíodh RSESs ag an trí thionól Réigiúnach: foilsíodh Straitéis ó Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Láir na Tíre 28 Meitheamh 2019; d'aontaigh Tionól Réigiúnach an Iarthair agus an Tuaiscirt agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt a Straitéisí i Nollaig 2019 agus d'fhoilsigh siad iad in Eanáir 2020. Tugann na Straitéisí a thuilleadh mionsonraí ar an NPF ag críochnú réigiúnach na Straitéisí ag tosú go huathoibríoch an phróisis athbhreithnithe agus nuashonruithe ar phleananna forbartha aonair an Chontae agus cathrach chun comhordú agus comhleanúnachas a chinntiú idir leibhéil náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Thosaigh an próiseas athbhreithnithe/nuashonraithe in 2019 agus beidh sé leanúnach sa tréimhse 2020 go 2022.

## Soláthar Tithíochta

D'fhoilsigh Príomh-Oifig Staidrimh (CSO) a sraith ráithiúil críochnaithe áitribh nua don chéad uair i Meitheamh 2018.

- Ba é líon na dtithe nua ag éirí ar fáil i gcomhair úsáide in 2019 ná 24,397. Sin ardú 14% ar 2018.
- Ar iomlán, bhí 21,133 críochnaithe áitribh don tréimhse céanna, ardú 18% ar bhliain iomlán 2018, nuair a bhí 17,946 áitreabh críochnaithe.

- In 2019, bhí 75% de chríochnaithe nua in áiteanna uirbeacha agus an chuid eile in áiteanna tuaithe. Ag tús sraith in 2011, bhí 38% i gceantair uirbeacha agus 62% i gceantair tuaithe.
- Bronnadh 13,335 cead pleanála in 2019.
- In 2019, seoladh fógraí tosaithe do 26,237 teach nua isteach, ardú bliantúil 17%.

In 2019, bhí clárúcháin i gcomhai HomeBond, scéim árachais a bhaineann go háirithe le scéimeanna tithíochta il-aonaid, ar iomlán 10,784, ardú bliantúil 5%. Leanann clárúcháin bliantúla os cionn 10,000 aonad; ba é 2008 an bliain deiridh nuair a tharla sin.

### Tithíocht Speisialta

Clúdaíonn na figiúirí is déanaí an tréimhse suas go dtí Q4 2019 agus léiríonn siad go raibh riachtanais tithíochta baint amach ag os cionn 28,000 teaghlach in 2019, ag sárú targaid bhliantúil 27,360. Bhí ar iomlán 10,007 teach nua tugtha isteach sa stoc tithíochta sóisialta gníomhach in 2019 trí mheán tógála, ceannacháin, cláir fásán agus léasaithe, ag sárú targaid náisiúnta 10,000. Roimh dheireadh 2019, bhí 31,200 as an 50,000 teach sóisialta nua curtha sa targaid i gcomhair 2016-2021 seachadta. Ba é an buntargaid socraithe don tréimhse suas go deireadh 2019 ná 27,159 teach. Léiríonn figiúirí tógála ó dheireadh Nollag 2019 go raibh 6,704 teach tithíochta sóisialta nua tógtha thar 274 suíomh. Bhí an Clár Tithíochta Sóisialta éascaithe ag os cionn €2.44 billiún infheistíochta státchiste in 2019.

### Clár Tithíochta Sóisialta PPP

Bhí conarthaí sínithe i gcomhair Beartáin 1 an Chláir Tithíochta Sóisialta PPP i Márta 2019, a thabharfaidh 534 teach agus árasán thar sé shuíomh mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA). Táthar ag súil go dtógfaidh an tógáil 12-24 mí ag brath ar an suíomh. Bhí conarthaí sínithe freisin i gcomhair Beartán 2 an chláir sei i mí na Samhna 2019. Tabharfaidh sé sin 465 aonad eile ar feadh ocht suíomh i gCorcaigh, An Clár, Gaillimh, Cill Dara, Ros Comáin, agus Port Láirge, agus beidh sé críochnaithe in 2021. Beidh tionóntaí i gcomhair na tithe sin ar fad faighte, sa bhealach normálta, ó liosta feithimh na tithíochta sóisialaí ón Údarás Áitiúil i gcomhréir lena scéim leithdháilte.

## 2.2 Inrochtaineacht Réigiúnach Feabhsaithe

I gcroílár Thionscadal Éireann 2040 tá cuspóir pholasaí ag tacú le fás réigiúnach cothromaithe. Ag tacú leis sin, tá an Rialtas tiomanta chun inrochtaineacht fheabhsaithe réigiúnach a chumasú.

In 2019, bhí dul chun cinn suntasach déanta i bhforbairt i gcomhair naisc iompartha nua trí mheán breithmheasa, pleanála agus staideanna soláthair. De réir leagtha amach i dTionscnamh Éireann 2040, is aidhm straitéiseach é rochtain a fheabhsú ar an iarthuaisceart chun tacú le forbairt náisiúnta cothromaithe.

### Príomh-ghaiscí/Buaicphointí in 2019

- Guaire go Inis Córthaidh, Loch Gorman oscailte Iúil 2019.
- N25 Críochnaithe i seach-chonair Ros Mhic Thriúin in 2019 agus oscailte ar an 29 Eanáir, 2020.
- M7 Leathnú Bóithre An Nás, Cill Dara
- Tá críochnú an tionscadail ag teacht chun deiridh le oibreacha teoranta ar siúil sna gruaimhíní agus idirmhalartaithe.
- N4 Cúil Mhuine go Béal Átha na gCarraigíní, Sligeach. Faomhadh an Rialtais faighte chun conradh tógála a bhronnadh ar an 29 Eanáir 2019.
- N5 Cathair na Mart go Turlach, Maigh Eo. Faomhadh an Rialtais faighte chun conradh tógála a bhronnadh ar an Dé Máirt 15 Deireadh Fómhair 2019. N22
- Baile Bhuirne go Maigh Cromtha, Corcaigh. Faomhadh an Rialtais faighte chun conradh tógála a bhronnadh ar an Dé Máirt 15 Deireadh Fómhair 2019.
- N21/N69 Faing go Luimneach (Seach-chonair Áth Dara). Faomhadh an rialtais faighte ar an 30 Dheireadh Fómhair 2019, chun dul i scéim An

Bhoird Pleanála i gcomhair faomhaidh pleanála. Is dócha gur gá leanúint le eilimint Seach-chonair Áth Dara den tionscadal seo ar dtús, in am don Ryder Cup in 2026.

### Aschuir Bóithre Náisiúnta 2019

- Fad an Mhótairbhealaigh/Débhealaigh nua críochnaithe: 31km
- Fad an Mhótairbhealaigh/Carrbhealach nua críochnaithe: 24.75km
- Fad an Mhótairbhealaigh/Débhealaigh fairsingthe: 13.6km
- Fad athnuachan na mBóithre Náisiúnta: 224km
- Oibreacha athshlánaithe droichid: 60

### Infheistíocht sa Ghréasán Iarnróid Idir-Uirbeach

In 2019, d'fhaomhaigh an Rialtas clár nua agus thug sé feabhsú suntasach do chlár maoinithe 5 bhliana i gcomhair cothabhála agus athnuachan an ghréasáin iarnróid. Tabharfaidh an clár maoinithe seo, a nglaoitear Conradh Bainistíochta Infreastruchtúir Ilbhliantúil (IMMAC) leas do phaisinéirí ar feadh an ghréasáin iarnróid trí iontaofacht agus puncúlacht níos mó, amanna taistil feabhsaithe agus sábháilteacht leanúnach na seirbhísí iarnróid.

Maoiniú státchiste soláthraithe faoi réir Thionscadal Éireann 2040 i gcomhair méideanna IMMAC 2020 go 2024 ar díreach os cionn €1 billiún, ag léiriú ardaithe beagnach 40% ar leibhéal an mhaoinithe Státchiste tugtha faoi réir an chláir 5 bhliana, IMMAC 2014 go 2018. Ciallaíonn a leibhéal ardaithe maoinithe go bhfuil an gréasán iarnróid ag tabhairt maoinithe anois ag an leibhéal 'staid seasmhaigh' a theastaíonn chun cothabháil optamach agus athnuachan an ghréasáin a chinntiú i dTionscadal Éireann 2040 mar an tosaíocht mhaoinithe is iomráití don ghréasán.

Bíonn Tionscadal Éireann 2040 tiomanta freisin i dtreo measúnaithe ar bhuntáistí eacnamaíocha agus luach ar airgead le gréasán ardluais ar an bpríomh-ghréasán iarnróid idiruirbeach in aghaidh feabhsuithe ar luais líne reatha agus pleanálte ar feadh na línte.

### Nuashonruithe Réigiúnacha agus ar Bhóithre Áitiúla

Bhí trí scéim Bóithre Thionscadail Éireann 2040 Réigiúnach agus Áitiúil críochnaithe in 2019:

- Uasghrádú ar bhóithre Nangair agus Maigh Arnaí (a éascaíonn Páirc Gnó An Ghráinsigh)
- Bóthair Dáileora Dheisceart Phortlaoise.
- Bóthair Faoisimh an Daingin

## 2.3 Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe

### Ciste Athshlánaithe agus Forbartha Tuaithe

Ceann de phríomh-chuspóirí do straitéis Thionscadal Éireann 2040 an Rialtais ná aidhm chun eacnamaíochtaí tuaithe agus pobail a neartú.

Tá Ciste Athshlánaithe agus Forbartha Tuaithe (RRDF) €1 billiún, seolta in 2018, ag tabhairt an mhaoinithe a theastaíonn chun tacú le athnuachan tuaithe, solúbthacht a neartú agus a thógáil i mbailte tuaithe, sráidbhailte agus pobail agus seachadadh do chuspóirí Thionscadail Éireann 2040.

Tugann an RRDF riarachán ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD) agus tá sé comhlánaithe ag réimse cláir agus scéimeanna breise seachadta faoi réir an Chláir Athshlánaithe agus Forbartha Tuaithe mar chuid de Thionscadal Éireann 2040, a chuidíonn chun fás agus beogacht na gceantar tuaithe agus a thacaíonn le pobail agus eagraíochtaí chun cloí lena gcuid riachtanais.

Tugann an Ciste tacaíocht do thionscadail Chatagóir 1, arbh iad sin tairiscintí infreastruchtúir caipitil réidh le tosú agus tionscadail Chatagóir 2 a dteastaíonn a thuilleadh forbartha uathu chun a cheadú dóibh cur isteach i gcomhair an Chiste mar thairiscint Chatagóir 1.

Bhí an chéad ghlao ar thairiscintí faoi réir an RRDF seolta in Iúil 2018 agus i ndiaidh an ghlao sin a chríochnú, bhí 84 tionscadal mar mhaoiniú leithdháilte €86 milliún chun tacú le tionscadail ar costas €117 milliún.

Lean maoiniú ar thionscadail leithdháilte faoi réir an chéad ghlao ag dul chun cinn ina gcuid seachadta thar 2019. Bhí dhá thionscadal maoinithe faoi réir an RRDF críochnaithe in 2019.

- Bhí Mol Nuálaíochta Digití gteic@An Spidéal oscailte go hoifigiúil i nDeireadh Fómhair 2019. Bhí €548,887 leithdháilte don Mol ón gcéad ghlao don RRDF agus tá sé ag soláthair áise leathanbhanda ardluais bríomhar, nua-aoiseach, i gcomhair fiontair nuathionscanta agus fadbhunaithe agus ag tacú le deiseanna fostaíochta nuálaíocha le béim ar leith ar an earnáil cruthaíoch agus digiteach.
- Bhí an Lárionad Mhol Digiteach Inis Díomain agus Ilseirbhíse oscailte go hoifigiúil i Nollaig 2019. Bhí €1,023,300 leithdháilte don Mol faoi réir an chéad ghlao don RRDF. D'athshlánaigh Mol Digiteach Inis Díomain agus Ilseirbhíse foirgneamh i lár Inis Díomain chun áis ilfheidhmiúil a sholáthar deartha chun cruthaíocht poist a fheabhsú agus pobal a chruthú agus a choinneáil mar aon le seirbhís acmhainne teaghlaigh d'earnálacha an phobail faoi mhíbhuntáiste.

Seoladh an chéad ghlao d'iarratais Chatagóir 1 ar an gCiste seolta in Aibreán 2019 agus dúnta i Lúnasa 2019. Bhí ar iomlán 69 iarratas faighte ag an Roinn. I ndiaidh an glao seo a chríochnú, tugadh maoiniú do 26 tionscadal ar €62 milliún chun tacú le tionscadail ar chostas €95 milliún.
Ar iomlán, roimh dheireadh 2019, bhí maoiniú leithdháilte do RRDF ar €148 milliún do 110 thionscadal lonnaithe i ngach contae in Éirinn. Áirítear le Clár Athshlánaithe Tuaithe na Roinne faoi réir Thionscadail Éireann 2040 freisin an Scéim Athnuaite Sráidbhailte agus Bailte, Scéim Sosa Allamuigh agus Infreastruchtúir, an Scéim Feabhsaithe Áitiúil, CLÁR agus LEADER. Bhí ar iomlan €73 milliún i maoiniú leithdháilte in 2019 faoi réir na scéimeanna chun leithdháil iomláin maoinithe do phobail tuaithe faoi réir an chláir Athshlánaithe Tuaithe agus Forbartha ar os cionn €220 milliún.

Bhí an dara ghlao ar thionscadail Chatagóir 2 i Nollaig 2019 agus dáta dúnta d'iarratais ná an 27 Feabhra 2020. Baineann Catagóir 2 le tionscadail straitéiseacha, ar scála mór, i bpobail tuaithe ag staid luath forbartha, a dteastaíonn infheistíocht uathu anois chun teacht ar an gcéad staid eile ina bhfuil siad in ann tús a chur le oibreacha agus cur isteach i gcomhair stádais Chatagóir 1 faoi réir an Chiste.

### Forbairt Thurasóireachta

Cuidíonn turasóireacht go mór le aidhmeanna an pholasaithe chun eacnamaíochtaí agus pobail tuaithe (NSO 3) a neartú agus conláiste feabhsaithe agus oidhreacht (NSO 7). Chuir an Chéad Thuarascáil ar Dhul chun Cinn ar Thionscadal Éireann 2040 béim ar infheistíocht ar thurasóireacht agus leanann sé mar philéar tábhachtach. D'ainneoin sin, is tábhachtach a thabhairt faoi deara go gcuidíonn turasóireacht le aidhm pholasaí níos déanaí freisin - pobail tuaithe agus eacnamaíochtaí a neartú.

Maidir leis sin, d'fhorbair Fáilte Éireann sraith comhpháirtíochtaí straitéiseacha le príomh-chomhlachtaí an Stáit agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD). Tríd na gcomhpháirtíochtaí sin, is féidir le Fáilte Éireann cuidiú le feabhsúchán áiteanna spéise agus gníomhaíochtaí agus comhairle a thabhairt maidir le tuilleadh forbartha ar eispéireas agus margaíocht.

#### *Tionscadail maoinithe ag Fáilte Éireann*

Áiteanna Spéise Cuairteora agus Eispéiris (bainteach le NSO 3 agus NSO 7 araon);

- Thacaigh Fáilte Éireann iomlán 8 tionscadal mór in 2019 (6 cheann acu i gceantair tuaithe lasmuigh Átha Cliath), ag fáil deontais Fáilte Éireann €15.2m i dtreo costais iomlán tionscadail €36.1m;
    - Bhí 3 cheann dóibh sin i rith Slí an Atlantaigh Fhiáin - Mainistir na Cille Móire (Gaillimh), Sliabh Liag (Dún na nGall) agus Pontún Sligigh (Sligeach) - ag fáil ar iomlán €4.25m i maoiniú Fáilte Éireann.

- Bhí 3 chinn acu i réigiún bhranda turasóireachta Seanoirthir na hÉirinn - Brú na Boinne (An Mhí), Caisleán Bhaile Sheonach (Ros Comán) agus Caisleán Urumhan (Tiobrad Árann) ag fáil ar iomlán €5.67m i maoiniú Fáilte Éireann.
- Bhí 2 chinn acu i mBaile Átha Cliath (Músaem Litríochta na hÉireann (MoLI) agus San Audoen (Baile Átha Cliath), in éineacht le maoiniú beagnach €5.26m a fháil ó Fáilte Éireann.

- Osclaíodh 18 tionscadal beag le tacaíocht Fáilte Éireann in 2019 - réigiún Seanoirthir na hÉireann ar fad - a fuair le chéile maoiniú deontais Fáilte Éireann ar iomlán €2.1m i dtreo costais thionscadail €2.8m. Áirítear le samplaí:
  - Gaol Chill Mhantáin (Cill Mhantáin);
  - Músaem an Mhíle Meánaoisigh (Cill Chainnigh);
  - Eitiltí Fionnachtain Chluain Meala (Tiobrad Árann); agus
  - Pálás Easpaig (Port Láirge).

I mBealtaine 2019, sheol Fáilte Éireann Ardáin Fáis - a chur chuige nua bunaithe ar ardáin chun infheistíochta chaipitil ar scála mór i dturasóireacht - agus d'éisigh siad glao ar iarratais a dhíríonn ar an ardán "Áiteanna Spéise Tumthacha Cultúrtha agus Oidhreachta" ag díriú ar thionscadail móra trasfhoirmithe le íosmhéid costais €2.5m.

In 2019, i ndiaidh seoladh 2018 Hidden Heartlands na hÉireann mar bhranda eispéiris turasóireachta is nua na hÉireann, dhírigh Fáilte Éireann ar fheasacht a ardú don bhranda agus don réigiún, chomh maith le go leor pleananna straitéiseacha a dhéanamh chun eispéireas feabhsaithe go leor a sheachadadh do chuairteoirí, náisiúnta agus ó thar lear araon.

### *Tionscadail maoinithe ag an RRDF tábhachtach don turasóireacht*

Glactar leis go bhfuil tábhacht ar leith ag dhá cheann de na tionscadail straitéiseacha, ar scála mór a raibh maoiniú fógartha dóibh i Samhain 2019 faoi réir Catagóir 1 an RRDF, le riarachán an DRCD, i gcomhair turasóireachta agus réigiún Seanoirthir na hÉireann go háirithe. Is iad sin Wexfordia - Trasfhoirmiú Turasóireachta Ros Mhic Thriúin (a fuair €5.56m) agus Eastáit Gairdín Domhanda - Mount Congreve (a fuair €3.726m).

### *Méadracht chun tionscadail chaipitil turasóireachta a roghnú (3 chinn de na maoinithe bronnta)*

- Músaem Náisiúnta an Ghorta Mhóir ag Teach Bhéal na mBuilí (infheistíocht Fáilte Éireann - €3.725m);
  - Thar an chéad 5 bhliana, tá Fáilte Éireann ag súil go mbeidh an áit suime seo ag giniúint €13.2m i gcaiteachas díreach.

- Músaem Atlantach Gaillimh (infheistíocht Fáilte Éireann - €6.444m):
  - Thar an chéad 5 bhliana, tá Fáilte Éireann ag súil go mbeidh an áit suime seo ag giniúint €29.3m i gcaiteachas díreach.
  - Roimh Bhliain 10, tá Fáilte Éireann ag súil go mbeidh an áit suime seo ag fás go 200k cuairteoir náisiúnta agus ó thar lear.
- Sligo Cultural Plaza (Infheistíocht Fáilte Éireann - €2.5m):
  - Thar an chéad 5 bhliana, tá Fáilte Éireann ag súil go mbeidh an áit suime seo ag giniúint €7.7m i gcaiteachas cuairteora dírigh, ag mealladh 45k cuairteoir náisiúnta agus ó thar lear (roimh bhliain 5).

## Nuashonrú ar Rianta Glasa 2019

Bhí 22 iarratas táirgthe ag glao ar mhaoiniú faoi réir Straitéise an Rialtais um Fhorbairt Náisiúnta agus Rianta Glasa Réigiúnacha in 2019. Bhí 10 iarratasóir rathúla faofa i Meitheamh 2019 agus €40m maoinithe leithdháilte chuig na tionscadail sluasaid réidh de réir achoimrithe sa tábla ar an gcéad leathanach eile.

In 2019 tharla freisin an críochnú ar Chuid Bhaile Átha Luain den Rian Glas Gaillimh go

Baile Átha Cliath lena n-áirítear Íosbhealach
Iarnróid Bhaile Átha Luain.

**Nuashonrú ar Rianta Glasa 2019 Iarratasóirí Rathúla**

| Tionscnamh | Méid €m | Príomh-thionscnóir | Faisnéis Bhreise |
|---|---|---|---|
| Mainistir na Corann - Eochall | €8.0m | Corcaigh/Contae Chorcaigh | 23Km Rian glas ag nascadh Mainistir na Corann le Eochall ar feadh an líne iarnróid. |
| Rian glas Chonamara | €2.6m | Comhairle Contae na Gaillimhe | Críochnú codanna ón gClochán go Sraith Salach a thabharfaidh 21km bealaigh. Cuid den Rian Glas molta Gaillimh - An Clochán. |
| Trá Lí-An Fhianait | €3m | Comhairle Contae Chiarraí | Tús le Deisceart an Riain Ghlais Mhóir, chéad chuid ag nascadh Fianaite go Lios Tuathail - 10km |
| Teorainn contae Lios Tuathail-Luimneach | €3.5m | Comhairle Contae Chiarraí | Síneadh ar Rian Glas Mór an Deiscirt i dtreo an iarthair agus i dtreo na mara - 10.5km Riain Ghlais nua ag méadú GSG go os cionn 50km. |
| Rian Glas Chuan Mó | €3.2m | Comhairle Contae Mhaigh Eo | Deisceart Acaille agus síneadh go Bun an Churraigh. Tógáil codanna ar leithligh ó Chathair na Mart go Muraisc. Cuideoidh sé le bealach 56km. |
| Rian Glas Phort Láirge | €2.65m | Comhairle Contae Phort Láirge | Síneadh le Rian Glas Phort Láirge isteach sa Chathair - Triantán Lochlannach. Rian Glas a shíneadh isteach in áiteanna suime turasóireachta i bPort Láirge. *Beidh an NTA ag maoiniú an bhealaigh sin. |
| Rian Glas na Canáile Móire - Tullach Mhór go Daingean | €2.35m | Uiscebhealaí Éireann/Comhairle Contae Uíbh Fhailí | Críochnóidh siad nasc ón nDaingean go Loch na Buaraí - 40km. |
| Rian Glas na Canáile Móire - cuid Chill Dara chomh fada leis na Solláin | €1.7m | Uiscebhealaí Éireann/Comhairle Contae Chill Dara | Droichead Aylmer chuig na Solláin, ag síneadh Riain Ghlais ó Dhroichead Chollchoill go dtí na Solláin - 13km |
| Port an Chalaidh - Ros Mhic Thriúin | €8m | Ceannairí ó Chomhairle Contae Loch Gorman le codanna áirithe ag dul trí Chontae Chill Chainnigh | 24Km le acmhainn chun nascadh le Rian Glas Phort Láirge i gCathair Phort Láirge. |
| Lúb Locha Bhaile Coimín | €5m | Comhairle Contae Chill Mhantáin | 42Km Riain Ghlais timpeall Locha Bhaile Coimín, ag corprú Tigh Russborough agus na sráidbhailte na Croise, Bhaile Cnocáin agus Leacain. |

*Is féidir leis an NTA 100% den mhaoiniú a thabhairt ar shíneadh Riain Ghlais Phort Láirge in ionad an 60% maoinithe bronnta ar dtús, só ghlac an NTA an tionscadal anois.

## Plean Leathanbhanda Náisiúnta

Is é an Plean Leathanbhanda Náisiúnta (NBP) é an tionscnaíocht chun leathanbhanda ardluais a fheidhmiú céimneach do 1.1 milliún daoine ina gcónaí agus ag obair ar bheagnach 540,000 áitreabh, lena n-áirítear beagnach 100,000 gnó agus feirm, chomh maith le 695 scoil, nach mbeidh oibreoirí tráchtála tiomanta chun an tseirbhís a sheachadadh.

Spreag an NBP imscrúdú tráchtála ar an seirbhís rí-thábhachtach seo. In 2012, bhí rochtain ag níos lú ná 700,000 nó 39% d'áitribh na hÉireann ar leathanbhanda ardluais. I Meán Fómhair 2019, mhéadaigh sin go os cionn 1.8 milliún nó 77% d'áitribh le rochtain ar sheirbhísí leathanbhanda ardluais.

Bhí an conradh NBP sínithe le Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann (NBI) i mí na Samhna 2019. Déanfaidh NBI feidhmiú céimneach ar leathanbhanda ardluais agus a sheasfaidh an aimsir laistigh Limistéir Idirghabhálacha an Stáit agus déanfaidh sé oibriúchán agus bainistíocht ar an ngréasán seo thar an chéad 25 bliain eile. Roimh dheireadh 2021, beartaíonn NBI timpeall 115,000 áitreabh a fhaomhadh, le 70,000 - 100,000 faofa gach bliain ina dhiaidh sin go dtí go gcríochnaítear an feidhmiú céimneach sin.

## Talmhaíocht, Bia agus Muirí

Bhí réimse tacaíochtaí infheistíochta seachadta d'fheirmeoirí, iascairí agus comhlachtaí an earnála agra le linn 2019.

- Le linn 2019, bhí tacaíocht dheontais ar iomlán €76.5 milliún d'fheabhsuithe i dtrealamh agus áiseanna ar fheirmeacha íoctha faoi réir na scéime Nua-aoisiú Talmhaíochta Dírithe.
- Fuair os cionn 150 táirgeoirí gairneoireachta iomlán €6 milliún mar thacaíocht do thógáil agus trealamh speisialaithe tríd an scéim chúnaimh infheistíochta chun forbartha an earnála gairneoireachta tráchtála.
- Fuair timpeall 499 suíomh foraoisithe nua agus 94 ciliméadar bóithre nua maoiniú.
- Bhí infheistíocht €16.11milliún faighte i réimse tionscadail thar na earnálacha iascaigh, uisceshaorthrú agus bia mara.

Áirítear le príomh-thionscadail faoi réir an Chláir Iascaigh agus Calafoirt 2019 leanúint ar an Síneadh le Cé Daighnise ag Baile Chaisleáin Bhéarra agus tús le Síneadh Smooth Point (Cuid 2) ag na Cealla Beaga.

Rinneadh infheistíocht i dtrealamh in 2019 ag Lárionad Bia Tomhaltóra Ullmhaithe ag Teagasc, Baile na Fuinseoige. An bhliain seo chugainn feicfear an chéad chéim eile den tionscnamh, chomh maith le tuilleadh forbartha ag Mol Nuálaíochta Bia ag Teagasc, An Chloch Liath.

D'oscail Eastát, Músaem agus Gairdíní an Chaisleáin Bhaile Sheáin i samhradh 2019 mar áit suime cuairteora don Oirdheisceart i ngeall ar €7.5m maoinithe ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí (DAFM) agus Fáilte Éireann. Thug an infheistíocht maoiniú do réimse idirghabhálacha deartha chun trasfhoirmiú a dhéanamh ar an gcaisleán, talaimh agus gairdíní ina áit suime cuairteora ardchaighdeáin. Chuidigh DAFM €5m i dtreo oibreacha caomhnaithe le foirgneamh an Chaisleáin agus chun tacú le tógáil ionaid cuairteora nua agus rochtain feabhsaithe le Eastáit Bhaile Sheáin. Is aidhm leis an Ionad nua cúis níos mó a thabhairt do thurasóirí, ón tír seo agus thar lear, chun cuairt a thabhairt ar an tír agus réigiún Oirdheiscirt, agus leis sin, poist agus gníomhaíocht eacnamaíoch a chruthú. Meastar go mbeidh an áit suime sin ag mealladh 85,000 cuairteoir in aghaidh na bliana.

[1]Tugadh €12.9 milliún eile don Roinn Cosanta chun ceannacháin aerárthaigh chun cuspóirí smachtaithe agus feidhmithe.

### Maoiniú don Ghaeltacht agus Gaeilge

Tugadh €9.7 milliún ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus an Ghaeltacht (DCHG) chun tacú le hobair Údaráis na Gaeltachta in 2019 d'infheistíocht chun poist a chruthú agus tionscnaíochtaí forbartha fiontair i gceantair Gaeltachta. In 2019, bhí os cionn €1.4 milliún tugtha chun tosaigh chun tacú le grúpaí pobail sa Ghaeltacht mar chuid den Phróiseas Pleanála Teanga sa Ghaeltacht agus tacú le Gréasáin Gaeilge bunaithe lasmuigh den Ghaeltacht. Mar chuid dá thiomantas chun rochtain a choinneáil ar an mórthír dár bpobail oileánacha, rinne an Roinn infheistíocht freisin ar cheannachán straitéiseach Aerfort Chonamara in 2019.

## 2.4 Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Tá tiomantas ag Tionscadal Éireann 2040 do chóras iompair poiblí níos inbhuanaithe don chomhshaol chun fás eacnamaíoch a chumasú agus cloí le éileamh ó phaisinéirí. Cé go bhfuil críochnú mórthionscadail faoi réir na straitéise seo in áit tosaíochta i dtreo deiridh an chláir infheistíochta, d'ainneoin sin tharla dul chun cinn soiléir in 2019 don aidhm sin.

### Taisteal Gníomhach

Tá Tionscadal Éireann 2040 tiomanta i dtreo seachadta gréasáin cuimsithigh rothaíochta inár mbóithre móra agus tacaíonn clár maoinithe feabhsaithe go mór leis an seachadadh sin.

In 2019, bhí go leor tionscadail suntasacha críochnaithe amhail -

- Corcaigh: Droichead taistil gníomhach nua, Droichead Mary Elmes
- Corcaigh: Bóthar Skehard Cuid 2
- Baile Átha Cliath: Rian rothaíochta South Campshire
- Baile Átha Cliath: Droichead taistil gníomhach nua i dtaobh Lárionaid Comhdhála Náisiúnta



Droichead Mary Elmes, Corcaigh

Tá Tionscadal Éireann 2040 tiomanta i dtreo seachadta gréasáin cuimsithigh rothaíochta inár mbóithre móra agus tacaíonn clár maoinithe feabhsaithe go mór leis an seachadadh sin.

Sa bhliain seo, bhí tionscadail ag tosú freisin, nó ag leanúint ar aghaidh, i mbun tógála, lena n-áirítear -

- Baile Átha Cliath: An Chanáil Ríoga Cuid 2 bealach taistil gníomach
- Baile Átha Cliath: Bealach taistil gníomhach ó Bhaile Dúill go Port Mearnóg
- Gaillimh: Suiteáil áiseanna páirceála rothair i lár na cathrach
- Luimneach: Scéim Sráid Parnell / Sráid Wickham
- Port Láirge: Scéim feabhsaithe Bhóthar Hennessey / Lána an Bhrúnaigh

De réir tiomantais faoi réir Phleain Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019, bunaíodh oifig nua freisin laistigh Údaráis Iompair Náisiúnta (NTA) chun cuidiú le dearadh agus seachadadh infreastruchtúir rothaíochta uirbigh.

### BusConnects

Déanfaidh BusConnects trasfhoirmiú ar an ngréasán bus, agus tabharfaidh sé infreastruchtúr feabhsaithe go suntasach, i ngach cathair mhór, ag tosú i mBaile Átha Cliath.

Le linn 2019, lean NTA ag pleanáil agus ag déanamh bealaigh i gcomhair deartha do BusConnect Bhaile Átha Cliath le comhairleoireachtaí phoiblí déanta le linn an chéad chuid den bhliain maidir leis an 16 príomh-phasáiste bus. I nDeireadh Fómhair 2019, sheol NTA Athdhearadh Gréasáin athbhreithnithe do chomhairleoireacht phoiblí,

i ndiaidh comhairleoireachta tosaigh déanta le linn 2018 ar thairiscintí.

Cuid thábhachtach den chlár BusConnect ná an gluaiseacht i dtreo feithiclí astuithe ísil agus, de réir tiomantais faoi réir Thionscadal Éireann 2040, d'fhógair NTA in 2019 nach mbeadh sé ag ceannach busanna díosail amháin i gcomhair flít busanna PSO uirbeach.

### Fairsingiú DART

Déanfaidh fairsingiú DART fairsingiú suntasach ar sheirbhísí iarnróid i mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA) agus dúbailt éifeachtach ar acmhainn an ghréasáin reatha trí leictriúchán Línte Chill Dara (go Collchoill), Má Nuad (go Má Nuad) agus Tuaiscirt (go Droichead Átha), fairsingiú ar fhlít iarnróid agus go leor feabhsúcháin infreastruchtúir agus comharthaíochta eile thar na Línte, lena n-áirítear Líne Oirdheiscirt.

In 2019, lean pleanáil agus dearadh maidir leis an gclár ginearálta, agus thosaigh NTA agus Iarnród Éireann réamh-cháiliú maidir le creatlach soláthair 10 bliana d'aonaid bi-mode (leictreach agus cadhnra leictrigh) a dhéanfaidh fairsingiú ollmhór ar an bhflít mar chuid den chlár níos leithne.

### Tionscadal Feabhsaithe Acmhainne do Líne Glas Luas

Méadóidh an tionscadal Feabhsaithe Acmhainne do Líne Glas Luas acmhainn ar an Líne Glas Luas ag beagnach 30% nuair a chríochnaítear é. Comhdhéanann an tionscadal trí eilimint dhifriúil, ach gaolta le chéile -

- Fairsingiú ar iosta cothabhála Luas Áth an Ghainnimh, críochnaithe in 2019;
- Síneadh ar an 26 bun-thramanna Líne Glas Luas: seachadadh a thosaigh in 2019; agus
- Ceannachán 8 dtram 55m ar fhad.

### Straitéisí Iompair ar Limistéar Uirbeach


De réir luaite i dTionscadal Éireann 2040, tá Straitéisí Iompair Limistéir Uirbigh á bhforbairt i gcomhair Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge (tá straitéis i bhfeidhm cheana ag Baile Átha Cliath agus Gaillimh).

In 2019, foilsíodh dréacht ar Straitéis Iompair do Limistéar Uirbeach Chorcaigh chun comhairleoireachta phoiblí i Márta 2020. Le linn na bliana, thosaigh obair ar Straitéis Iompair ar Limistéar Uirbeach i Luimneach.

### MetroLink

Is é MetroLink an scéim shingil curtha le Tionscadal Éireann 2040 agus i measc na tionscadail infreastruchtúir is uaillmhianta a bhí riamh in Éirinn. Cuireann sin béim ar ghá i gcomhair comhairleoireachta oscailte, leanúnach, freagrach le pobail áitiúla a fuair tionchar ón mbealach.

**Amlíne Tionscadail MetroLink**




Foinse: An tÚdarás Iompair Náisiúnta

Chríochnaigh an NTA agus TII comhairleoireacht phoiblí neamh-reachtúil ar an "mBealach is Fearr" do MetroLink i mBealtaine 2019. Ba é sin an dara cheann de shraith comhairleoireachtaí poiblí, a chuideoidh faisnéis a thabhairt ar fhorbairt chás gnó don tionscadal.

### Iarnród

In Iúil 2019, d'fhaomhaigh an Rialtas comhairleoireacht le Lárionad Rialaithe Traenach Náisiúnta (NTCC). Is cumasóir tábhachtach é NTCC chun fairsingthe seirbhísí iarnróid toisc go gcuirfidh sé feabhas ar bhainistíocht thráchta iarnróid agus taca faoin bhfairsingiú pleanáilte agus féideartha ar sheirbhísí iarnróid thar an ngréasán iarnróid ar fad go háirithe, fairsingiú pleanáilte ar sheirbhísí DART faoi réir an Chláir Fairsingthe DART.

I nDeireadh Fómhair 2019, d'fhaomhaigh an Rialtas ceannachán 41 carr breise i gcomhair flít iarnróid comaitéireachta GDA. Méadóidh an tionscadal seo acmhainn ag timpeall 34% ar feadh Chill Dara, Má Nuad agus Línte an

Tuaiscirt.

### Fás in éileamh ar iompar poiblí

Shroich líon na bpaisinéirí buaicphointe 290 milliún in 2019, ag léiriú ardaithe beagnach 24 milliún nó 9% i gcomparáid le 2018, agus seachtú bliain fáis leanúnaigh i líon na bpaisinéirí.

Is é ardú i gcéatadán ar líon na bpaisinéirí in 2019 an ceann is mó ó cruthaíodh an NTA, agus léiríonn sé freagra dearfach ó bhaill an phobail taistil ar infheistíocht in iompar poiblí le blianta beaga.

- D'fhás líon na bpaisinéirí Bhus Éireann 14% go 40.4 milliún.
- Mhéadaigh líon na bpaisinéirí ar sheirbhísí bus i gceantar uirbeach Bhaile Átha Cliath, soláthraithe ag Bus Bhaile Átha Cliath, agus Go-Ahead Éireann, 7.5% in 2019, agus shroich sé 151 milliún an bhliain seo caite.
- Shroich líon na bpaisinéirí Iarnród Éireann 50 milliún don chéad uair i stair an chomhlachta, ag léiriú ardaithe 4.3% ar an mbliain roimhe sin.
- D'ardaigh uimhreacha ar Luas 15% go os cionn 48m in 2019.

## 2.5 Geilleagar Láidir le Tacaíocht ó Fhiontar, Nuálaíocht agus Scileanna

Tá Tionscadal Éireann 2040 deartha chun geilleagar láidir le tacaíocht ó fhiontar, nuálaíocht agus scileanna a spreagadh. Tá sin rí-thábhachtach mar aidhm mar sprioc ann féin ach freisin mar bhealach chun acmhainní a thabhairt chun infheistíocht a dhéanamh ar gach ceann de na cuspóirí straitéiseacha.

### Forbairt Fhiontair Náisiúnta agus Réigiúnach

Lean na Gníomhaireachtaí Forbartha Fiontair ag tacú le bunús fiontair nuálaíoch agus athléimneach in 2019. Rinne comhlachtaí cliaint IDA taifead ar fhás 6% san fhostaíocht le fostaíocht i gcomhlachtaí ilnáisiúnta ag teacht ar a leibhéal is airde riamh ag 245,096.

Léiríonn toradh 2019 go bhfuil 57% den fhostaíocht i gcomhlachtaí chliaint IDA anois lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, arbh é sin an leibhéal fostaíochta is airde na gníomhaireachta lasmuigh Bhaile Átha Cliath i stair na heagraíochta, le níos mó poist á gcur sna réigiúin ná aon uair eile le 17 bliain anuas.

Cruthaíodh 54,868 post lasmuigh Bhaile Átha Cliath le cúig bhliana anuas ag eascrú in 33,118 post díreach breise (glan) ar an talamh i réigiúin. Shroich gach réigiún targaid na straitéise cúig bhliana ar 30% ardaithe in infheistíocht agus trí réigiún - sháraigh Meániarthar, Meánoirthear agus Oirdheisceart targaid 40%. Mhéadaigh infheistíochtaí i Réigiún an Teorann trí uair ó thús na stra

**Fostaíocht in Éirinn IDA 2019**

| Réigiún | Iomlán na bPost | % Athrú |
|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | 106,466 | 9 % |
| Meánoirthear | 13,435 | 2 % |
| Lár na Tíre | 6,209 | 9 % |
| Meániarthair | 20,111 | 6 % |
| Teorainn | 12,891 | 7 % |
| Oirdheisceart | 15,837 | 2 % |
| Iardheisceart | 42,847 | 3 % |
| Iarthar | 27,300 | 4 % |
| Iomlán náisiúnta | 245,096 | 6 % |


Foinse: IDA Éireann

Ar bhealach cosúil, shroich comhlachtaí cliaint Fhiontraíocht Éireann na leibhéil is airde riamh in 2019, le comhlachtaí cliaint ag fostú 221,895 duine, an ceann is airde i stair na gníomhaireachta. Bhí os cionn 66% poist nua cruthaithe lasmuigh Bhaile Átha Cliath.

### Fostaíocht Fhiontraíocht Éireann 2019

| Réigiún | Iomlán na bPost | % Athrú |
|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | 78,003 | 2% |
| Meánoirthear | 21,258 | 3% |
| Lár na Tíre | 12,343 | -1% |
| Meániarthair | 22,218 | 2% |
| Oirthuaisceart | 18,045 | 3% |
| Iarthuaisceart | 6,859 | 3% |
| Iardheisceart | 25,130 | 2% |
| Oirdheisceart | 22,783 | 3% |
| Iarthar | 15,256 | 3% |
| Iomlán náisiúnta | 221,895 | 2% |

Foinse: Fiontraíocht Éireann




Fostaíocht Fhiontraíocht Éireann 1998-2019

## Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Shuaite


Bunaíodh an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Shuaite (DTIF) in 2018, ag ofráil tacaíochta airgeadais do luach iomlán €500 milliún thar tréimhse go 2027 agus tionscadail comhoibríochta comh-mhaoinithe ag baint le gnónna agus comhpháirtithe taighde. Táthar ag súil go mbeidh Iarratais don Chiste ag déileáil le forbairt, imlonnú agus tráchtálaíocht theicneolaíochtaí shuaite chun réitigh nua a sheachadadh trí infheistíocht i bhforbairt agus cur i bhfeidhm táirgí agus seirbhísí nua.

I Nollaig 2019, bhí dara thráinse tionscadail rathúla fógartha faoi réir DTIF Ghlao 2. Clúdaíonn an 16 tionscadal faofa eolaíochtaí na beatha, ICT, intleacht shaorga, blocshlabhra, déantúsaíocht agus inbhuanaitheacht chomhshaoil, lena n-áirítear in earnálacha dramhaíl agus fuinnimh, agus roinnfidh sé €65 milliún amach go 2022. I dteannta leis an €75 milliún i maoiniú faofa faoi réir Ghlao 1 ar 27 tionscadal a earnálacha sláinte, bia, ICT agus déantúsaíochta in Éirinn, tugann sin maoiniú DTIF iomlán go timpeall €140 milliún, faoi riarachán EI.

Ós rud é gur tionscadail comhoibríochta iad sin, tá 159 comhpháirtí tionscadail eile laistigh cuibhreannas, ag cuimsiú 74 Fiontar Beaga agus Meánach, 23 Corparáid Ilnáisiúnta agus 61 Eagraíocht Feidhmíochta Taighde (RPO);

- Tá 2 go 4 comhpháirtí ag an gcuid is mó comhpháirtíochtaí;
- Bíonn bronnadh meánach timpeall €3.24 milliún (€3m / €4m) thar 3 bhliana; agus
- Is comhpháirtíocht chomhoibríoch gach tionscadal, dírithe ar "thaighde thionsclaíoch" a dtabharfaidh forbairt, imlonnú agus tráchtálú ar theicneolaíochtaí shuaite chun gnó a thrasfhoirmiú.

I ngeall ar nádúr comhoibríochta na dtionscadal, tá comhpháirtithe taighde agus fiontair rannpháirteach i réimse earnálacha agus scaipthe thar go leor suíomh in Éirinn, le os cionn leath dóibh ag oibriú lasmuigh Bhaile Átha Cliath.




Suíomhanna chomhpháirtithe tionscadail Ghlaonna

**Aschuir ó Ghlaonna DTIF 1 agus 2 de réir Suímh Tosaíochta Taighde (RPA) 2018-2023**

| Suíomh Tosaíochta Taighde | Samplaí ar Thionscadail DTIF |
|---|---|
| ICT<br><br>- 12 tionscadal | • Clár bhogearraí ríomhaireachta Candaim do theicneolaíochtaí qubit iolracha.<br>• Intleacht Shaorga a Ghiaráil chun cruthaíocht samhlacha 3D agus domhain a uathoibriú. |
| Sláinte agus Leas<br><br>- 21 tionscadal | • Ardán seachadta druga micreashnáthaid suaiteach.<br>• Ardán teiripe géine suaiteach, ag athchur víris i gcóireáil coinníollacha géiniteacha. |
| Bia<br><br>- 3 tionscadal | • Nútraiceodaigh dírithe tionlactha agus teicneolaíocht rianaithe i gcomhair tionscail uisceshaothraithe éisc na hÉireann inbhuanaithe agus níos cliste.<br>• Saothrú bithmhaise saibhir i bpróitéin chun comhábhair feabhsaithe sláinte agus bunaithe ar phlandaí a ghiniúint. |
| Fuinneamh, Gníomhaíocht ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht<br><br>- 3 tionscadal | • Forbairtí ar chaidéal gan astuithe, gan chuisneáin.<br>• Córas tacaíochta ar chinntí comhshaoil casta chun dul i ngleic le ceisteanna, amhail tuilte agus truailliú an chósta. |
| Déantúsaóicht<br><br>- 3 tionscadal | • Micreachóimeáil comhpháirteanna leictreonacha agus fótonach casta le n-úsáid i bhfeidhmeanna braiteoireachta agus ríomhaireachta<br>• Comhpháirteanna priontáilte 3-D, bithoiriúnacha, don tionscal ghléasanna sláinte. |
| Nuálaíocht i Seirbhísí agus Próisis Gnó<br><br>- 1 tionscadal | • Slabhra bloic agus córas trialacha chliniciúla iontaofa agus i gcomhréir le GDPR i dtrialacha chliniciúla srathaithe. |

## Ciste Forbartha Fhiontar Réigiúnaigh

Bhí Ciste Forbartha Fhiontar Réigiúnaigh (REDF) tugtha isteach chun tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm do thionscadail comhoibríochta agus nuálaíocha ar féidir leo fostaíocht a choinneáil agus cur leis ag leibhéal an chontae, an réigiúin agus an náisiúin.

Bhí an REDF, faoi riarachán ag EI, ina ionstraim éifeachtach polasaí go háirithe mar chomhlánú le Pleananna Fiontair Réigiúnacha na Roinne Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta inar oibrigh sé mar chumasóir do thionscadail a d'eascraigh ón bpróiseas comhoibríochta réigiúnach sin. In Eanáir 2020 bhí 26 iarratasóir rathúil leis an tríú ghlao REDF, ar luach os cionn €40 milliún, fógartha. Ar iomlán, bhí trí ghlao ann faoi réir an Chiste go dtí seo agus díreach os cionn€100 milliún i maoiniú faofa ar feadh 68 tionscadal, le tionscadail faofa i ngach réigiún.

## Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht - nuashonruithe ginearálta

Shroich glanchaiteachas na hÉireann ar R&D a leibhéal is airde fós leis na figiúirí is déanaí ag taispeáint €3.7 billiún nó 1.56% le GNP (2.0% GNI*) infheistíocht in 2017. I spás 25 bliain, chuaigh Éire ó bhonn 800 gnólacht ghníomhach R&D, le caiteachas taighde €300 milliún go beagnach 1,800 fiontar gníomhach R&D ag caitheamh os cionn €2.77 billiún ar thaighde agus forbairt. Is féidir a rá go dtagann méid suntasach den dul chun cinn sin ó thacaíochtaí gnó do R&D, agus sampla maith as sin ná creidmheas cánach.

Tharraing Éire síos os cionn €861 milliún i maoiniú iomaíoch ó Horizon 2020 go Nollaig 2019.

D'fhorbair EI Straitéis Nuálaíochta dírithe ar chliaint, le cuspóir chun ardú a dhéanamh ar líon na gcomhlachtaí ag obair i nuálaíocht agus ag ardú éifeachtachta na rannpháirtíochta sin.

I Márta 2019, sheol Aistriú Eolais Éireann Prótacal IP Náisiúnta na hÉireann agus a Threoir Taighde a thagann leis. Áirítear leis an nuashonrú sin creatlach i gcomhair cruthú comhlachta mac-chuideachta. Léiríonn an tríú atriall den Phrótacal tiomantas na hÉireann chun a chinntiú go leanann córas aistrithe

eolais ag gníomhú go gasta agus freagairt d'athrú agus fás i bhfiontar agus taighde araon.

### Rannpháirtíocht i Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta an AE (EuroHPC)

Déanann Éire infheistíocht i Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (HPC) trí Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil (ICHEC), comh-mhaoinithe ag DBEI agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES). In 2019, rinne ICHED dearadh ar ionad inniúlachta náisiúnta faoi réir Comh-ghealltanas EuroHPC, ag fáil maoiniú meaitseáilte an AE chun réitigh HPC imill tosaigh d'úsáideoirí Éireannacha ón tionscail, acadúla agus ón earnáil poiblí. Tríd an dtionscnaíocht sin, beidh rochtain ag Éirinn ar infreastruchtúr HPC na hEorpa, ag ceadú do thaighdeoirí na hÉireann agus SME rochtain a fháil ar na sár-ríomhairí is airde na hEorpa, ag petascála, réamh-exascála agus ar deireadh leibhéil exascála. Tabharfaidh sé deiseanna freisin do chomhoibríochtaí don todhchaí le stáit rannpháirteacha EuroHPC eile, lena n-áirítear rochtain ar infreastruchtúr roinnte, forbairt scileanna agus gníomhaíochtaí RD&I ardaithe.

### Uasghrádú agus Fairsingiú ar Institiúid Náisiúnta Tyndall

Is áis taighde náisiúnta í Institiúid Tyndall le saineolas ar ICT comhtháite. Tá Tyndall ag déanamh dul chun cinn i bhfairsingiú mór agus uasghrádú ar a áiseanna faoi réir an NDP. Chun a shuíomh a choinneáil mar ionad sármhaithis, bhí Tyndall ag obair ar chlár athnuaite trealaimh taighde i gcomhair déantúsaíocht a ICT ardleibhéil agus áiseanna tástála.

In 2019, tugadh maoiniú breise ag DBEI chun oibreacha uasghrádaithe reatha Tyndall a luasghéarú chun tacú le níos mó taighdeoirí ag Tyndall agus a thuilleadh ardaithe a dhéanamh ar a rannpháirtíocht fhiontair.

### Infheistíocht i dTaighde den Scoth agus Ionaid Teicneolaíochta

Leanann EI ag fairsingiú a gcuid Tacaíochtaí Déantúsaíochta Casta, ag nascadh Ionaid agus acmhainneachtaí thar gach réigiúin. In 2019, d'fhaomhaigh EI a thuilleadh €23.5m in infheistíocht thar an chéad 5 bhliana eile in Ionad Taighde Déantúsaíochta na hÉireann (IMR), chun oibriúcháin a scálú suas i gcomhréir le uaillmhianta Straitéise 4.0 an Tionscail, seolta i Nollaig 2019. Tabharfaidh an infheistíocht sin in IMR, Ionad Teicneolaíochta na hÉireann EI/IDA, maoiniú giarála suas go dtí €43m ó fhoinsí an tionscail agus iomaíocha agus rachaidh sí chun cinn sa todhchaí in earnáil déantúsaíochta in Éirinn. Tacóidh an maoiniú sin freisin le forbairt leabaí tástála déantúsaíochta i Réaltacht Bhreisithe/Fhíorúil agus Cobotics.

Bhí CeADAR, an tIonad Teicneolaíochta foghlama innill agus anailísíochta sonraí faofa ar thuilleadh €12m i maoiniú an Rialtais in 2019 thar cúig bhliana, le bheith meaitseáilte ag €16m ó fhoinsí an tionscail agus iomaíocha. Ceadóidh an maoiniú seo do CeADAR méadú chun cloí le héileamh ó thionscail na hÉireann i gcomhair tacaíochta ag glacadh teicneolaíochtaí AI agus a thuilleadh feabhais i gClú na hÉireann mar mhol sármhaithis i bhfoghlaim innill AI, agus anailísíocht sonraí is nuálaíocht. Tacóidh sé le seachadadh 40 táscairí agus leabaí tástála bogearraí don tionscal chun dul i mbun anailísíochta casta ar shonraí, léirshamhlú agus comhéadain anailísíochta agus AI.

Ar an 9 Bealtaine 2019, bhí sé chinn den chéad thráinse Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) bhí 16 Ionad Taighde faofa i gcomhair maoinithe nua le infheistíocht €230 milliún mar chuid de Thionscadal Éireann 2040. Tabharfaidh an infheistíocht €230 milliúin déanta ag DBEI trí SFI buntáiste dhíreach do thimpeall 850 taighdeoir fostaithe ag na ionaid, ag tacú freisin le creatlach Poist don Todhchaí Éireann an Rialtais.

In 2019, sheol EI a chlár comhaltachta Career-Fit Plus, comh-mhaoinithe ag an AE, chun 50 taighdeoir le taithí idirnáisiúnta a mhealladh in Éirinn. Is aidhm leis an gclás taighdeoirí cáilithe a nasc le comhlachtaí Éireannacha chun tacú le tionscadail taighde dírithe ar an tionscail, a bheidh lárnaithe ar Gheataí Teicneolaíochta nó Ionaid Teicneolaíochta. Téann Career-Fit Plus i ngleic le easpa scileanna i gcomhlachtaí Éireannacha i réimse RD&I, ag mealladh saineolaithe taighde ó

thimpeall na cruinne chun comhoibriú ar thionscadail le fiontair Éireannacha, le aidhm chun éagsúlú agus teacht ar mhargaí idirnáisiúnta nua.

### Ionaid SFI i gcomhair Oiliúna Taighde (CRT)

In 2018, thosaigh SFI clár nua €100 milliún d'infheistíocht in PhD agus Máistreacht Taighde trí Ionaid nua um Oiliúnt Taighde, ag tógáil ar an samhail PhD Struchtúrtha ar Shraitheanna níos luaithe an Chláir um Thaighde in Institiúidí Tríú-leibhéil (PRTLI).

Beidh cuspóir leis na Ionaid chun cohórt a thabhairt le ceannairí taighde sármhaith go hacadúil an todhchaí le scileanna agus feasacht a theastaíonn chun dul i ngleic le dúshláin le timpeallacht oibre a athraíonn go minic. Beidh cláir oiliúna sonraithe trí rannpháirtíocht dhlúth le fiontair agus déanfaidh sin ar a laghad 600 taighdeoir oilte go leor a sheachadadh, ag díriú ar réimsí digiteach, sonraí agus ICT.

Bhí an chéad iontógáil 126 mac léinn i Meán Fómhair 2019 isteach sa chlár, a thabharfaidh oiliúint do mhic léinn PhD agus taighde thar 8 mbliana. Iarrtar ar CRTs íosmhéid aon mhac léinn amháin a ghiaráil i gcomhair gach ceithre chinn maoinithe ag SFI.

### Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann - An Clár Comhaltachta sa Seirbhís Poiblí

Is tionscnaíocht phíolóta nua í an Fhondúireacht Sheirbhíse Poiblí SFI seolta i nDeireadh Fómhair 2019. Cuirfidh sé deis uathúil ar fáil do thaighdeoirí chun a bheith ar iasacht ar feadh tréimhse sealadach do Ranna an Rialtais, Gníomhaireachtaí is an Leabharlann agus Seirbhís Taighde an Oireachtais, chun oibriú i dtionscadail sonracha ina féidir leo luach a thabhairt ag eascrú in aschuir leasmhara do gach páirtí.

Aithníonn an clár an tábhacht a bhaineann le nasc a thabhairt do phobal taighde na hÉireann le heagraíochtaí an earnála poiblí chun cuidiú faisnéis a thabhairt do pholasaithe nua agus feabhas a chur ar na seirbhísí a bhíonn seachadta acu. D'fhéadfadh iarratasóirí rathúla, mar shampla, anailís a dhéanamh ar shonraí chun feabhas a chur ar éifeachtachtaí an phróisis nó scanadh cothrománach a dhéanamh chun cuidiú faisnéis a thabhairt do pholasaí an Rialtais sa todhchaí.

### Ciste Cnuasaithe Teicneolaíochta Réigiúnach

I Nollaig 2019, d'fhógair an tAire Humphreys €4.6m i maoiniú an Rialtais do dhá iarratasóir rathúil déag tríd an gCiste Cnuasaithe Teicneolaíochta Réigiúnach. Cumasóidh an ghníomhaíocht chnuasaithe d'Institiúidí Teicneolaíochta (IoTs) agus Ollscoileanna Teicniúla (Tus) nascadh agus idirghníomhú le SME agus corparáidí ilnáisiúnta ar bhealach straitéiseach ar réimsí coitianta suime, san am céanna ag tabhairt bealaigh chun a réime oideachais agus taighde a ardú mar sholáthraithe eolais sa réigiún.

Tá ról tábhachtach ag IOT agus TU le himirt ag cuidiú le comhlachtaí freagairt do na dúshláin scileanna a bhíonn ag SME agus cabhrú le comhlachtaí feabhas a chur ar a gcuid acmhainne chun gnó a bhuachan i margaí idirnáisiúnta.

Tacóidh na tionscadail cnuasú a ghníomhachtú i go leor earnála - Déantúsaíocht Troscán, Muirí, Sláinte Ceangailte, Tionscail 4.0, Tógáil, Déantúsaíocht Chasta, Cibearshlándáil, Innealtóireacht, BithEacnamaíocht, MedTech agus AgriTech.

### #futurejobsireland

I Márta 2019 seoladh Poist don Todhchaí in Éirinn 2019: Ag Ullmhú Anois don Gheilleagar Amárach, creatlach don chéad chéim eile forbartha eacnamaíoch na hÉireann. Léiríonn Poist don Todhchaí in Éirinn (FJI) in éineacht le Tionscadal Éireann 2040, Éire Domhanda 2025 agus Plean Chur Isteach um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais cur chuige comhtháite chun deiseanna agus dúshláin a ullmhú do gheilleagar an todhchaí.

Ag an am, bhí geilleagar na hÉireann ag feidhmiú go láidir. Bhí caighdeáin maireachtála ag ardú agus tháinig dífhostaíocht ar na leibhéil ab airde le blianta. D'ainneoin sin, bhí laigeachtaí suntasacha le feiceáil go soiléir sa gheilleagar náisiúnta, amhail leibhéil táirgeachta ag titim in SME, easnaimh scileanna agus infhaighteacht oibre, chomh maith le tiúchan in earnálacha áirithe. Chuir

dul chun cinn teicneolaíochta agus an t-aistriú chuig geilleagar íseal charbóin dúshláin ach freisin go leor deiseanna de réir is a chuaigh ár ngnónna in oiriúint do gheilleagar athraithe.

Is creatlach sa Rialtas ar fad é FJI dírithe ar a chinntiú go bhfuil ár ngeilleagar solúbtha go leor chun seasamh in aghaidh buailte sa todhchaí agus gasta go leor chun buntáiste a bhaint as na deiseanna nuair a thagann siad. Díríonn FJI 2019 ar phríomh-réimsí polasaithe agus cumasóirí, amhail nuálaíocht agus athrú teicneolaíochta, táirgiúlacht, scileanna agus talann, rannpháirtíocht an fhórsa oibre agus ag aistriú chuig geilleagar íseal charbóin ionas gur féidir fás inbhuanaithe go sóisialta a chothú go heacnamaíoch agus don chomhshaol.

Díríonn FJI 2019 ar chúig philéar:

1. Glacadh le Nuálaíocht agus Athrú Teicneolaíochta
2. Feabhas a chur ar Tháirgiúlacht SME
3. Feabhas a chur ar Scileanna agus Talann a Fhorbairt agus a Mhealladh
4. Rannpháirtíocht Ardaithe sa bhFórsa Oibre
5. Aistriú chuig Geilleagar Íseal Charbóin

Cé go ndíríonn an chéad dhá philéar ar sholúbthacht eacnamaíoch a ardú le níos mó táirgiúlachta agus nuálaíochta, cuireann na piléir atá fágtha béim ar an ról a bhíonn ag polasaithe sóisialta níos leithne ag tabhairt cruth ar conas is gá do ghnónna agus oibrithe dul in oiriúint do na athruithe le teacht. Cuideoidh é sin uile cúinsí a chruthú ina gcuirtear ar chumas gach réigiún a gcuid acmhainneachta a réadú ag cuidiú leis an ngeilleagar athshlánú agus fás, agus mar sin ag laghdú éagothroimí réigiúnacha.

Áirítear le cuid de scéalta ratha iomráiteacha ó FJI 2019:

1. Seoladh an dara ghlao ar Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Shuaite (DTIF).
2. Foilseachán Straitéise nua 4.0 don Tionscal.
3. Fógra €23.5m i maoiniú thar an chéad chúig bhliana eile d'Ionad Taighde Déantúsaíochta na hÉireann.
4. Bhí Scéim Iasachta Fhás don Todhchaí oscailte i gcomhair iarratais in Aibreán. Tugann an scéim sin iasachtaí fadtréimhseacha suas go dtí €3 milliún do SME i gcomhair infheistíochta straitéisí chun gnónna a fhás.
5. Seoladh an Ciste Cnuasaithe Teicneolaíochta Réigiúnach i mí Iúil.
6. Rinneadh athbhreithniú ar an gCreidmheas Cánach Taighde agus Forbartha agus bhí athrú air i mBuiséad 2020 chun é a dhéanamh níos inrochtana do ghnónna micrea agus beaga.
7. Seoladh Cyber Ireland, cnuas cibearshlándála nua i gCorcaigh i mBealtaine.
8. Tá dul chun cinn á dhéanamh freisin ar Ionad Sármhaithis Náisiúnta ar Ardfheidhmíocht agus Tógáil Beagnach a Náid Fuinnimh san Oirdheisceart.
9. Cuireann Springboard+ agus Skillnet Éireann sraith cláir oiliúna ar fáil le béim ar leith ar thodhchaí na hoibre. Tá cúrsaí ar fáil anois, lena n-áirítear: ceannaireacht agus bainistíocht; blocshlabhra; AI; cibearshlándáil; Idirlíon na nEarraí; réaltacht fhíorúil, agus teicneolaíocht mhonarchan cliste.
10. Seoladh an chéad thráinse den Tionscnaíocht Chaipitil Daonna.
11. Eagraíodh go leor ócáidí rannpháirtíochta do gheallshealbhóirí, lena n-áirítear: ócáidí comhairleoireachta ar an straitéis AI leis an tionscail, sochaí sibhialta agus earnáil poiblí; cruinniu Halla an Bhaile um Ghníomhú ar son na hAeráide; Mullach GovTech "Cruinniú"; Comhdháil Straitéiseach um Fhiontraíoct; Fóram Comhairleoireachta Oibre Cianda, agus Mullach Náisiúnta Future Jobs Ireland.




**Ardoideachas**

In 2019, rinneadh dul chun cinn i go leor cláir agus tionscadail chun seachadadh ar uaillmhianta d'earnáil ardoideachais na hÉireann de réir breac-chuntais i dTionscadal Éireann 2040.

*Ciste Infreastruchtúir Straitéiseach Ardoideachais*

Bhí cúig thionscadal faofa i bprionsabal in 2019 faoi réir Ciste Infreastruchtúir Straitéiseach Ardoideachais. Tá na tionscadail mar a leanas:

- Ollscoil Má Nuad, Sochaí Teicneolaíochta agus Foirgneamh Nuálaíochta
- IT Sligigh, Tionscnamh Sínte don Champas Láir (EO1)
- UCC, Tionscadal Scoile Gnó Ollscoile Chorcaigh (CUBS)
- OÉ Gaillimh, Tionscadal Foghlama Commons
- UCD, Tionscadal Campais don Todhchaí

Tá infheistíocht bheartaithe i gcomhair timpeall €96m maoinithe státchiste thar chúig thionscadal, ag giaráil tuilleadh €400m maoinithe neamh-Státchiste agus ag seachadadh suas go dtí 14,000 áiteanna mhac léinn coibhéiseach lán-aimseartha.

*Ciste Athchóirithe agus Uasghrádaithe Infreastruchtúir Ardoideachais*

Aithníodh tionscadail freisin i gcomhair maoinithe faoi réir Chiste Athchóirithe Uasghrádaithe Infreastruchtúir Ardoideachais. Téann tionscadail ó oibreacha éigeandála an-bheag go dtí oibreacha athchóirithe ar scála mór. In 2019, bhí 12 tionscadal ann i go leor staideanna difriúla forbartha, le 3 thionscnamh ar scála beag críochnaithe, 8 ar an láthair agus ceann i ndearadh. Tá an maoiniú faofa i bprionsabal don 12 tionscnamh sin, lena n-áirítear uasghráduithe campas móra ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaigh agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgain, níos mó ná €70m.

*Trealamh Printíseachta agus Maoiniú Cineachta/Mionoibreacha*

Tugach tacaíocht dhírithe €8m le linn 2019 i gcomhair trealaimh printíseachta thar Institiúidí Teicneolaíochta chun tacú le siollabais printíseachta nua-aoisithe.

Tugadh Deontas oibreacha Cineachta/Beaga €10m don earnáil IoT/TU in 2019. Ceadaíonn an maoiniú cineachta sin d'Institiúidí áit tosaíochta a thabhairt agus oibreacha ar scála beag agus/nó athnuachan trealaimh.

*Gráinseach Ghormáin*

Lean tógáil le linn 2019 ar na cearnóga Láir agus Oirthis i nGráinseach Ghormáin. Le chéile, soláthraíonn na cearnóga c.52,000 sqm spáis acadúla, agus cuimseoidh sé ar iomlán sé scoil déag laistigh Choláiste Eolaíochta agus Sláinte Bhaile Átha Cliath TU, Coláiste Innealtóireachta agus Timpeallachta Tógtha agus Coláiste na nEalaín agus Turasóireachta. I ndiaidh críochnaithe, tabharfaidh na foirgnimh tuilleadh 10,000 mac léinn (c.50% de chohórt mac léinn Bhaile Átha Cliath TU) agus 600 ball foirne chun an suíomh Ghráinseach Ghormáin a bhogadh.

## 2.6 Nascacht Idirnáisiúnta Ardchaighdeáin

Is geilleagar beag oscailte í an tír seo, agus comhdhéanann éiginnteacht na Breaitimeachta agus dúshláin níos leithne sa domhain an comhthéacs ina ndéanann Éire gnó leis an gcuid eile den domhain. D'fhéadfaí a rá go bhfuil nascacht idirnáisiúnta ardchaighdeáin lenár gcalafoirt agus aerphoirt níos tábhachtaí anois ná riamh.

Bhí go leor ullmhúchán sa dara bhliain de Thionscadal Éireann 2040 i gcomhair áiseanna ar féidir a bheith ag teastáil inár gcuanta farraige chun Ullmhaíocht don Bhreaitimeacht a dhaingniú.

Chun spás cinn a chumasú sa fadtéarma i gcomhair fás geilleagair na hÉireann, is rí-thábhachtach go mbeidh acmhainn cuí ag Aerfort na hÉireann. D'fhás uimhreacha os cionn 50% ó 2014 agus mar sin infheistíocht riachtanach sna luath-bhlianta i dTionscadal Éireann 2040 ná Rúidbhealach an Tuaiscirt. Tá an tionscadal i gcroílár forbartha don todhchaí san Aerfort, rud a theastaíonn go mór chun feidhmiúlacht gheilleagair an Oileáin.

Bhí an liúdramán casta ar an rúidbhealach nua ag tús 2019. Tá tógáil ar an tionscadal ar siúil le tamall anuas agus léiríonn na grianghraif an dul chun cinn is déanaí.



Taobh Iarthair Rúidbhealaigh an Tuaiscirt ag taispeáint oibreacha seasta cosáin don rúidbhealach agus bealaigh innealta.



Taobh Oirthir Rúidbhealaigh an Tuaiscirt ag taispeáint oibreacha seasta cosáin don rúidbhealach.

In 2019, sheachadadh Grúpa Shionainne haingear cheap leathain péinteála nua ag Aerfort Shionainne ar féidir leis aerárthaigh móra a ghlacadh suas go airbus A380. Seo an chéad haingear aerárthaigh forbartha in Éirinn i mbeagnach 20 bliain. Tá a chomhdhéanamh den chineál a bhfuiltear ag súil leis chun tionscal eitlíochta iomaíoch iomráiteach ar fud an domhain a fhás i mbraisle in agus timpeall an aerfoirt agus i gcomhréir freisin le Polasaí Eitlíochta Náisiúnta. Chomh maith leis an bhfostaíocht chruthaithe ag an gcéim tógála, tabharfaidh an haingear nua suas go dtí 150 post i seirbhísí innealtóireachta eitlíochta i Sionainn.

Lean Grúpa Sionainne freisin le forbairt a portfolio maoine i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, ag tacú le IDA agus EI ina dtiomantas chun infheistíochta isteach agus tuilleadh fostaíochta sa réigiún. In 2019, áirítear leis sin forbairt agus léasú ar bhloc oifige ceithre urláir, áis taighde agus áit tástála do champas Ionaid Sármhaitheasa Jaguar Land Rover, atá in úsáid chun forbartha feithiclí féinrialaitheacha agus leictreacha, ag cruthú os cionn 150 post ardscileanna.





Haingear Aerfoirt na Sionainne

Tá Clár Forbartha Infreastruchtúir Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge faoi shiúil agus comhdhéanfaidh sé clár fairsingthe Iarmaine, Larmainí an Oirthir agus an Iarthair a cheangal le chéile mar aon leis an inlíonadh taobh thiar, ceannachán talún agus forbairt suímh 38 heictéir i gcomhair páirc lóistíochta eile an phoirt ag Port Fhainge agus Aischur Iarnród Fhainge. Thug an Bord Pleanála cead ar an 28 Nollag 2018 i gcomhair tionscnaimh fairsingthe acmhainne an phoirt. Tá dearadh mionsonraithe d'oibreacha lamairne críochnaithe le soláthar i gcomhair príomh-

oibreacha ar siúil agus táthar ag súil go mbeidh siad críochnaithe igceathrú a haon 2021. Leis sin, i gcomhréir lena Mháistirphlean, Vision 2041, thosaigh SFPC réamh-phleanáil i gcomhair bearta uisce 800m domhain le draenáil 18m ar feadh Fhainge. Cuirfidh an clár infheistíochta feabhas ar nascacht idirnáisiúnta agus méadú ar acmhainn náisiúnta trí thógáil ballaí nua na cé agus infreastruchtúr gaolmhar an phoirt agus nascacht sheachtrach le críochnú Scéime Bhóthar Luimnigh go Fainge agus ath-insealbhú líne iarnróid Luimneach-Fainge. Cumasóidh an infreastruchtúr seo Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge mar phort cogairsithe i gcomhair gaoithe easchósta ag soláthar riachtanais acmhainne an phoirt i gcomhair gaoithe easchósta ar snámh ar chósta an Atlantaigh.

Lean infheistíocht in aerfoirt réigiúnacha ag fás in 2019 (183% in 2018). Tugadh beagnach €10.5 i dtreo costais tionscadail caipitil ag trí aerfort: Dún na nGall, Ciarraí agus West Airport Knock. Chuidigh an chuid is mó den mhéid sin, timpeall €6.7m, le críochnú tionscadail forleagain rúidbhealaigh mhóir ag Knock.

## 2.7 Conláistí agus Oidhreacht Fheabhsaithe

Aithníonn Tionscadal Éireann 2040 infreastruchtúr cultúrtha mar chomhpháirt thábhachtach i gcomhair cathracha inbhuanaithe, tarraingteacha agus inmharthana, bailte, sráidbhailte agus ceantair tuaithe.

### Cultúr agus Oidhreacht

Sa dara bhliain de Thionscadal Éireann 2040, bhí dul chun cinn suntasach déanta i gcur i bhfeidhm phlean earnála €1.2 billiún na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le 'Infheistíocht inár gCultúr, Teanga agus Oidhreacht, 2018-2027.'

Mar chuid den phlean chun €640 milliún a infheistiú inár nInstitiúidí Cultúrtha thar an deich mbliana NDP, rinneadh dul chun cinn ar go leor tionscadail in 2019 lena n-áirítear:

- Críochnú taisclainne leabhair nua chun ár mBailiúcháin Náisiúnta a chosaint i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, arbh é sin an chéad chuid de thionscadal ceithre-chuid chun uasghrádú, fairsingiú agus athchóiriú a thabhairt ar an Leabharlann Náisiúnta. Rinneadh dul chun cinn freisin ar oibreacha pleanála agus imscrúdaithe ina dhiaidh;
- Críochnú pleanála agus dearadh an tionscadail athfhorbartha don Chartlann Náisiúnta. Beidh foráil Stóir Cartlainne faoi thimpeallacht smachtaithe ag an dtionscadal uaillmhianta sin, chun cartlanna náisiúnta a chosaint don todhchaí; agus
- Faomhadh ar go leor breithmheasa réamhchéime/measúnaithe straitéiseacha do thionscadail suntasacha ag Músaem Stair an Dúlra, Gailearaí na nEalaíon Crawford agus Amharclann na Mainistreach.

Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta Closamhairc agus tiomantas an Rialtais chun Éire a fhorbairt mar lárionad sármhaitheasa i dtáirgeadh na meán, rinneadh infheistíocht €16.2 milliún ag Fís Éireann in 2019 chun tacú le táirgeadh inneachair closamhairc in Éirinn. Mhéadaigh maoiniú i gcomhair Fís Éireann i bhforbairt agus táirgeadh €1 milliún in 2020 go €17.2 milliún.

In 2019, rinneadh infheistíocht €4.9 milliún chun infreastruchtúr áitiúil do na ealaíona a fheabhsú chun go leor deiseanna a churthú i gcomhair cruthaíochta, rannpháirtíochta agus cruthú. Áirítear leis sin tacaíocht do thionscnaimh faoi réir Scéime Chaipitil do na hEalaíona agus Cultúr, Scéim Thaispeántais don Mhúsaem Réigiúnach, agus Scéim Chaipitil an Ghréasáin Ceoil.

Bhí beagnach €1 milliún eisíoctha tríd an Scéim Digitithe Cultúrtha in 2019, a dhéanfaidh inrochtaineacht a choinneáil agus a fheabhsú dár n-oidhreacht chultúrtha. Tionscnaíocht cheannais faoi réir na scéimse seo ná an tiomantas chun infheistíochta ar an

tionscadal digitithe Beyond 2020 faoi cheannas Choláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath. Is aidhm leis an tionscadal cuid mhaith d'ábhar cartlainne caillte i ndáileachán Oifige Taifid Poiblí le linn an Chogaidh Shibhialta a athaimsiú agus athshlánú.

Príomh-philéar eile le clár infheistíochta Thionscadal Éireann 2040 ná a infheistíocht leanúnach inár n-oidhreacht nádúrtha. In 2019, bhí infheistíocht bheagnach €8.5 milliún déanta chun bithéagsúlacht a choinneáil, ár dtalaimh portaigh a chosaint agus a athshlánú agus ár bPáirceanna Náisiúnta agus Tearmainn Dúlra a fheabhsú.

Tugadh os cionn €4m freisin chun cuidiú le caomhantas agus athshlánú ár n-oidhreachta tógtha i mbailte agus sráidbhailte ar fud na tíre. Tugadh deontais €1.7 milliún agus €2.4 milliún faoi réir Chiste Struchtúir Stairiúla agus Scéim Infheistíochta Oidhreachta Tógtha. Fuair an Comhairle Oidhreachta tacaíocht freisin chun tuilleadh €1 milliún a infheistiú in ionaid baile ar feadh Tionscnaíochta na mBailte Stairiúla.

Rinne Uiscebhealaí Éireann infheistíocht bheagnach €5.1 milliún chun ár n-uiscebhealaí intíre a choinneáil mar aon le oibreacha leanúnacha chun Canáil Ulaidh a athshlánú.

Tá cláir turasóireachta eile Fáilte Éireann ábhartha chun feabhas a chur ar Chonláiste agus Oidhreacht (NSO 7) - trína chomhpháirtíocht leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Thug Fáilte Éireann a thuilleadh maoinithe breise chun tacú lenár Scéim Sosa Allamuigh faoi riarachán na Roinne sin. Tacaíonn an scéim sin le forbairt infreastruchtúir sosa nua allamuigh (lena n-áirítear rianta siúil, rothaíochta agus bunaithe ar uisce) agus cothabháil is feabhsúchán rianta reatha agus infreastruchtúr cháilíochta eile. Tá maoiniú Fáilte Éireann dírithe ar infheistíochtaí dírithe ar chuairteoirí do na rianta sin agus infreastruchtúr sosa allamuigh eile leis an acmhainn turasóireacht is mó.

- Tá Fáilte Éireann ag déanamh dul chun cinn ar a gClár Claonta Cuairteoirí Bhaile Átha Cliath, leis an bhfís ghinearálta chun a cheadú do chuairteoirí iad féin a fhiosrú agus thumadh san ofráil turasóireachta Bhaile Átha Cliath iomlán, gan stró agus go muiníneach. Go leor tionscnaíochtaí a thacaíonn leis an gclár seo, lena n-áirítear cruthaíocht táirge/riain an chósta chun turasóirí a mhealladh chun siúil timpeall chósta Bhaile Átha Cliath agus na eispéiris áitiúla ar fáil.

### Clár Caipitil Spóirt

Bhí €57m leithdháilte go 1,648 tionscadal spóirt timpeall na tíre faoi réir an Chláir Caipitil Spóirt. Bhí €35m íoctha amach do os cionn 1,000 tionscadal difriúil trí Chlár Caipitil Spóirt.

Bhí gach iarratas faoi réir Chiste Infreastruchtúir Spóirt ar Scála Mór measúnaithe agus iarratasóirí rathúla fógartha in Eanáir 2020.

Léiríonn gach ceann den 1,000 tionscadal maoinithe in 2019 deis nua nó feabhsaithe chun páirt a ghlacadh i spórt.

## 2.8 Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin agus Seasmhach ó thaobh na hAeráide

Is é sin fós an tosaíocht infheistíochta is mó faoi réir Thionscadal Éireann 2040. Léiríonn tosaíochtaí na hinfheistíochta san earnáil sin athrú céime i seachadadh na hÉireann do chuspóirí gníomhaíochta aeráide atá deartha chun bealach dícharbónaithe a dhéanamh go 2030 agus tá siad comhréireach le glacadh glantargaid a náid in Éirinn roimh 2050.

Teastóidh níos mó cothromaíochta ón aistriú íseal charbóin sin idir chaiteachas le tacaíocht ó Státchiste, bearta cánach, reachtaíocht agus athrú iompraíochta. Le gníomhaíocht anois chun na earnálacha sin a dhícharbónú, beidh Éire in ann raon buntáistí a thapú sa todhchaí, i dtéarmaí poist glasa inbhuanaithe a chruthú, táirgeadh inbhuanaithe bia, doimhniú ar ár slándáil fuinnimh, feabhsú caighdeáin ár saolta agus ár dtimpeallachtaí oibre agus tógála a dhéanamh níos sláintiúla.

Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019 chun dul i ngleic le Cliseadh Aeráide i Meitheamh 2019. Tá 183 gníomh ag

an bplean, breactha síos in 619 bearta, a theastaíonn uathu a bheith curtha i bhfeidhm in Éirinn chun cloí leis na targaid AE 2030 agus astuithe a náid a bhaint amach roimh 2050.

Tá na gníomhartha aeráide a bhí aitheanta curtha i bhfeidhm ag 13 Ranna an Rialtais agus 40 gníomhaireachtaí faoi réime na Ranna sin, le leibhéal domhain comhoibríochta ag teastáil ar fud an Rialtais.

Léirigh an chéad thuarascáil ar dhul chun cinn ar an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide go raibh 85% nó 149 de na gníomhartha le bheith seachadta i gCeathrú 2 agus 3 2019 seachadta.

Áirítear le buaicphointí forbartha 2019:

- Achtú trí reachtaíocht thánaisteach ar riachtanais nua chun a chinntiú go bhfuil gach tithe nua ar chaighdeán Fhoirgnimh Beagnach a Náid Fuinnimh (NZEB).
- Seoladh comhairleoireachta poiblí ar dhréacht na dTreoirlínte Forbartha Fuinnimh i Nollaig 2019 - dúnfaidh comhairleoireacht ar 19 Feabhra 2020.
- Síniú i nDeireadh Fómhair 2019 den Chairt Gníomhaíochta ar son na hAeráide do gach Údaráis Áitiúla - tiomantas an rialtais áitiúil chun gníomhartha aeráide suntasacha a thiomáint ina bpobail.
- Bunaíocht Fhórsa Taisc Aisfheistithe chun plean aisfheistithe náisiúnta nua a sheachadadh a chuirfidh i ngrúpaí tithe sa cheantar céanna le chéile chun costas a laghdú, samhlacha aisíoctha éasca a thabhairt (m.s. Trí do bhillí fóntais) agus maoiniú cliste.
- I nDeireadh Fómhair 2019, fuair an Rialtas €530 milliún ón AE chun €1 billiún a sheachadadh don Idirnascóir Éire - Frainc, a dhéanfaidh nasc idir na greillí leictreachais Éireannach agus Francach.
- An dara sraith de Chiste Gníomhaíochta an Rialtais i Nollaig 2019 a oscailt, ag glao ar pháirtithe leasmhara chun a léirithe suime a chlárú. Bhí dréacht ag Gníomhaireacht Stoic Ola Náisiúnta (Leasú) agus Bille um Fhoráil Seirbhísí Cistíochta Lárnaigh chun comhairleoireachta ag an Oireachtas; tabharfaidh an Bille sin, inter alia, forálacha do Leasuithe ar Acht Gníomhaireachta Stoic Ola Náisiúnta 2007, chun foráil airgid tobhaigh NORA a éascú i gcomhair Ciste Gníomhaíochta ar son na hAeráide.
- Faomhadh an Rialtais i gcomhair deartha mionsonraithe ar Scéim Tacaíochta Leictreachais Inathnuaite (RESS) agus téarmaí agus coinníollacha RESS dréachtaithe a eisiú i gcomhair Comhairleoireachta Phoiblí i Nollaig 2019.
- Rinne ESB infheistíocht os cionn €1.1 billiún le €250 milliún i dtionscadail ginte inathnuaite.

### Clár Méadrachta Cliste Náisiúnta

Thosaigh an Clár Méadrachta Cliste Náisiúnta agus cinnteoidh sé go dtugtar méadair leictreachais nua-aoiseacha do gach tomhaltóirí agus gnónna chun forbairt a éascú ar mhicreaghiniúint, úsáid teicneolaíochtaí stórála fuinnimh agus éifeachtacht fheabhsaithe ar conas a bhainistíonn tomhaltóirí a n-úsáid ar iomlán.

### An Timpeallacht Tógtha a Dhícharbónú

Glactar leis gurb é ardú ar éifeachtacht fhuinnimh ár bhfoirgnimh é an modh is éifeachtaí chun déileáil le athrú aeráide agus bogadh go dtí dícharbónú inár dtithe, gnónna agus foirgnimh poiblí.

Tháinig infheistíocht státchiste ar an réimse sin os cionn €117 milliún in 2019, ardú 13% ar an mbliain roimhe, ag tacú le athruithe inbhuanaithe agus éifeachtach ó thaobh fuinnimh in:

- 24,664 teach
- 265 gnó
- 89 foirgneamh poiblí
- 57 grúpa pobail

Socraíonn an Plean Gníomhaíochta ar son na

hAeráide targaid i gcomhair laghdaithe astuithe ghás ceaptha teasa ón earnáil tithíochta ó 6Mt Co2e in 2017 go 3-4Mt Co2e in 2030. In 2019, bunaíodh Fórsa Taisc Aisfheistithe Náisiúnta, le cathaoirleacht ag an Roinn Cumarsáide, um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE) chun an targaid ginearálta seo a chinntiú chomh maith leis na targaidí seo: (I) 500,000 aisfheistiú ar Rátáil Fuinnimh Tógála B2/Coibhéiseach Cost-Optamach nó coibhéiseach carbóin; agus (ii) suiteáil 400,000 caidéal teasa i mbailte reatha a mbeidh bainte amach.

### Iompar a Dhícharbónú - Feithiclí Leictreacha

In 2019, bhí líon na bhfeithiclí leictreacha ar bhóithre na hÉireann dúbailte go 15,370. Bhí fás suntasach taifeadta thar gach mí, bliain ar bhliain, le margadh i gcomhair feithiclí leictreacha a léiríonn gnáth-mhargadh na bhfeithiclí le míonna áirithe ag taifead ardleibhéil díolacháin. Cé go bhfuil fás ar fheithiclí leictreacha ag ardú ar bhealach suntasach, tá sin ag tarlú ó bhunús an-íseal agus rátaí arda fáis ar gá a choinneail thar an chéad deich mbliana eile.

Fuair an fás i bhfeithiclí leictreacha tacaíocht suntasach ó réimse bearta, lena n-áirítear deontais ceannacháin suas go dtí €5,000, faoiseamh cánach clárúcháin feithicle suas go dtí €5,000, faoiseamh comhchineáil i gcomhair feithiclí le cadhnra leictreach, deontas suas go dtí €600 i dtreo costais suiteála pointe luchtaithe baile, deontais suas go dtí €7,000 d'fheithiclí leictreacha san earnáil tacsaí/hacnaí/limousine, liúntais caipitil do ghnónna, ráta íseal cánach mhótair bliantúil, agus lascaine ar dholaí bóithre. In 2019, bhí maoiniú státchiste €29.5 milliún leithdháilte don Roinn chun feithiclí leictreacha a chur chun cinn.

Leis sin, faoi réir an chéad ghlao ar iarratais don Chiste Gníomhaíochta ar son na hAeráide, tabharfar maoiniú ar suas go dtí €10 milliún chun tacú le r-Charranna ESB agus gréasán luchtaithe feithiclí leictreacha nua-aimseartha a fhorbairt ar fud an náisiúin. I nDeireadh Fómhair 2019, bhog an tionscadal go staid seachadta agus roimh dheireadh na bliana bhí an chéad luchtairí gasta suiteáilte agus go leor luchtairí caighdeánacha uasghrádaithe go dtí an teicneolaíocht is déanaí.

### Bainistíocht ar Rioscaí Tuilte

Áirítear ar Thionscadal Éireann 2040 infheistíocht €1 billiún i mbearta bainistíochta rioscaí tuilte sa tréimhse ó 2018 go 2027 chun tacú le seachadadh an chláir reatha le scéimeanna faoisimh tuilte. Bhí fairsingiú suntasach déanta ar an gclár mar thoradh le foilseachán Pleananna Bainistíochta ar Rioscaí Tuilte in 2018. Áirítear leis na Pleananna sin 118 scéimeanna nua molta chun a thuilleadh 11,500 maoin a chosaint. Rinne an OPW agus na Údaráis Áitiúla idirbheartaíocht ghníomhach ó sheoladh na pleananna tuilte chun comhaontú agus na socrúcháin riachtanacha a chur in áit chun cur i bhfeidhm na scéimeanna faoisim tuilte atá in áit tosaíochta i mbun go leor dul chun cinn maidir leis sin anois.

Cláraíodh dul chun cinn tábhachtach ar chur i bhfeidhm an chláir infheistíochta caipitil do riosca tuilte forleathan agus bhí na scéimeanna a leanas críochnaithe go substaintiúil in 2019:

- Baile Chláir
- Dún Coillín

## 2.9 Bainistíocht ar Acmhainní Inbhuanaithe Uisce agus Comhshaoil

### Uisce agus Fuíolluisce

Teastaíonn infheistíocht sa ghréasán uisce agus fuíolluisce chun tacú le leas comhshaoil agus eacnamaíoch, déileáil le fás an daonra agus éifeachtaí ó aeráid atá ag athrú. An bhliain 2019 seo, bhí leanúint ar thús agus críochnú réimse tionscadail tábhachtacha ar fud na tíre.

Rinne Uisce Éireann infheistíocht €864m in 2019, ag tabhairt infheistíochta iomláine ó 2014 go timpeall €3.8 billiún (nó os cionn €2 billiún ó 2017). Bhí an scaipeadh infheistíochta 2019 thar an trí théama Pholasaí Sheirbhísí Uisce (€405m), Caomhnú (€185m) agus Seasamh don Aimsir (€274m).

Áirítear le gaiscí tábhachtacha 2019:

- Bhí dhá Ghléasra Cóireála Fuíolluisce críochnaithe (Coill Darach agus An Gabhail) agus dhá cheann eile uasghrádaithe (Cill Gharbháin agus Inis Tíog)
- Bhí Gléasra Cóireála Fuíolluisce nua críochnaithe (Cúirt Mhic Shéafraigh) agus naoi gcinn uasghrádaithe (Maothail, Áth an Rí, Baile Hamaltúin, Baile Átha Fhirdia, An Ghráinseach, Tobar an Choire agus Béal an Átha Fada)
- Bhí os cionn 4,600 duine bainte ó 'Fhógraí Uisce Fiúchta' a bhí i bhfeidhm i gcomhair níos mó ná 30 lá.
- Baineadh 26 soláthar uisce ón Liosta Gníomhaíochta Ceartaitheach an Ghníomhaireachta um Chosaint Comhshaoil (EPA)
- Baineadh 15 ceirtleáin ó liosta tosaíochta EPA le limistéir chun feabhsaithe fuíolluisce
- Bhí os cionn 15,700 príomh-sheirbhísí athchurtha
- Bhí dhá cheirtleán gan chóireáil fuíolluisce ceangailte le gléasraí cóireála tógtha (Pasáiste-Baile an Mhanaigh, Cúirt Mhic Shéafraidh agus Tigh Molaige)
- Bhí oibreacha críochnaithe ar 14 ceirtleán liostaithe i bPlean Bainistíochta Abhantraí
- Glanshábháil Uisce 66 Milliún Lítear in aghaidh an Lae (Q3 Bhliain go dtí Seo) mar thoradh ar thionscnaíochtaí sonracha a sheachadadh chun dul i ngleic le sceitheadh uisce náisiúnta
- 393 km uisce curtha
- 69 km séaraigh curtha

Tosaíocht thábhachtach d'Uisce Éireann ná líon laghdaithe na ndaoine ar 'Fhógraí Uisce Fiuchta.' In 2019, ba dhúshlán ar leith é sin le dhá fhógra uisce fiúchta curtha in áit go gasta i ndiaidh a chéile ar na scéimeanna uisce poiblí soláthraithe ón nGléarsa Cóireála Uisce Léim an Bhradáin.

### Acmhainní Nádúrtha

In 2019, lean Suirbhé Gheografach na hÉireann (GSI) i mbun infheistíochta i dtuiscint gheolaíoch, go háirithe le dul chun cinn INFOMAR, clár léarscálaíochta ghrinneall na farraige (le Foras na Mara) agus suirbhé Tellus, á dhéanamh ag geoifisic agus geoiceimic ar eitilt. Leis sin, rinneadh dul chun cinn suntasach sna réimsí Léarscálaithe screamhuisce agus geo-eolaíochta. In 2019, bhí ardú freisin i bhfostaíocht earnála trí thionscnaíocht chnuasach gnó geo-eolaíochta na hÉireann, seachadta le EI.

## 2.10 Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus Seirbhísí Sláinte Ardchaighdeáin

### Clár Tógála Scoile

Faoi réir Thionscadal Éireann 2040, soláthraíonn Plean Forbartha Náisiúnta 2018 - 2027 cnuasach caipitil €8.4bn chun feidhmiú céimneach leanúna a éascú ar thionscadail faoi réir an Chláir Tógála Scoile. Ó 2018, bhí €1.2 iomarcach infheistithe in Infreastruchtúr Chaipitil faoi réir an Chláir Tógála Scoile.

Bhain feidhmiú céimneach Thionscadal Éireann 2040 san earnáil scoile le gníomhaíocht thógála ginearálta, le linn 2018 agus 2019, le 139 tionscadal ag dul ó thaobh luacha ó €1m go tionscadail os cionn €20m.

Chomh maith leis, bhí 401 tionscadal le luach tionscadail níos lú ná €1m i mbun tógála le linn an tréimhse sin.

Táthar ag súil go mbeidh críochnú an 540 tionscadal seo (139 agus 401) ag seachadadh níos mó ná 40,000 áit buan scoile (breise agus athchurtha) agus timpeall 600 réamhdhéanta a athchur.

Tá stádas reatha na dtionscnamh á seachadadh liostaithe ar bhonn tír ar thír ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag www.education.ie agus nuashonraithe ar bhonn míosúil chun a gcuid

dul chun cinn a léiriú trí staideanna breithmheasa caipitil, ceannachán suímh, dearadh, tairiscint agus tógáil.

Tá Tionscadal Éireann 2040 tiomanta chun €420 milliún a infheistiú chun cuidiú le cur i bhfeidhm na Straitéis Dhigiteach do Scoileanna chun úsáid éifeachtach theicneolaíochtaí digití a leabú i dteagasc, foghlaim agus measúnú. Tugadh leibhéal níos mó maoinithe €50m in 2019 agus a thuilleadh €50m in 2020 leithdháilte. Ceadóidh an infheistíocht do scoileanna áirithe trealamh chriticiúil a cheannach, amhail Pcs, ríomhairí glúine agus taibléid agus téann sé in éineacht le tacaíochtaí eile do scoileanna, amhail an Creatlach Foghlama Digiteach agus Acmhainn Pleanála Foghlama Digiteach chun a cheadú do scoileanna teicneolaíochtaí digiteacha a ghlacadh san áireamh go hiomlán agus a leabú ina gcuid oibre.

Faoi réir Thionscadal Éireann 2040, tá Deontas Mionoibreacha timpeall €29m i dlite le bheith íoctha do gach bunscoileanna i Nollaig nó ar a dhéanaí Eanáir na bliana seo chugainn. Don bhliain scoile reatha 2019/20, bhí an Deontas Mionoibreacha íoctha i Nollaig 2019. Is féidir le scoileanna an Deontas Mionoibreacha a úsáid i gcomhair feabhsuithe d'infreastruchtúr fisiceach na scoile, feabhsúchán nó athchur seirbhísí meicniúla agus leictreacha, ceannachán troscáin caighdeánacha agus trealamh oideachais fisicigh, ceannachán clúdaigh urláir agus dallóga fuinneoige, agus ceannachán trealaimh bainteach le IT.

In 2019, bhí €31m caite ar go leor tionscadail faoi réir na Scéime Oibreacha Samhraidh. Tá an Scéim Oibreacha Samhraidh, bunaithe ar éileamh, deartha chun a cheadú do scoileanna, ar bhonn maoinithe cineachta, chun oibreacha fheabhsaithe riachtanacha agus láithreach a dhéanamh chun uasghrádú a thabhairt ar áiseanna scoile. Táthar ag súil gur féidir na oibreacha sin a dhéanamh le linn míonna an tsamhraidh nó ag amanna eile, gan cur isteach ar oibriúchán na scoile.

D'aithin NDP €2.5bn i gcomhair athchóirithe agus tógála scoileanna. D'ullmhaigh sin an bealach i dtreo "aisfheistithe fuinnimh cuimsithigh do scoileanna tógtha roimh 2008"; comhoibríocht idir an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Cumarsáide, um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann, a bhí gníomhach i scéim píolóta aisfheistithe do scoileanna ó 2017.

Cuireann an clár píolóta béim ar bhearta meánacha do cuimsitheach aisfheistithe chun feabhas a chur ar éifeachtacht fhuinnimh scoileanna reatha a léiríonn go leor dúshláin, lena n-áirítear aoiseanna tógála difriúla, aircitíopaí agus riachtanais aisfheistithe. Glactar leis go bhfuil na bearta éifeachtachta fhuinnimh glactha sa phíolóta meánach go cuimsitheach, agus áirítear leo uasghráduithe fabraic, leictreach agus meicniúil. Beidh aschur fadtéarmach an phíolóta chun samhail cruinn inscálaithe a chruthú d'aisfheistithe éifeachtachta fhuinnimh ar scoileanna ar fud na hÉireann.

In 2019, roghnaíodh seacht scoil déag don scéim píolóta.

**Tionscadail a thosaigh in 2019 lena n-áirítear:**

| Tionscnamh | RN | Mionsonraí | Ar an láthair |
|---|---|---|---|
| Coláiste Pobail Inis | 70830N | Síneadh 4241m² Incl. Halla PE 1048 sq.m. | 08/06/2019 |
| Coláiste Pobail Bhéal Átha Beithe | 76194S | Scoil 1000 dalta inc. 2 c/r SNU 9,426m | 25/11/2019 |
| St Paul's National School, an Uaimh | 19671F | Scriosadh foirgnimh reatha agus tógáil seomra ranga 32 le seomra ranga 2 Aonaid ASD | 05/07/2019 |
| An Iarmhí Coláiste Chiaráin, Coill an tSamhraidh, Baile Átha Luain | 68325L | 1000 dalta + 2 sheomra ranga SNU | 04/08/2019 |

## Tionscadail Chúram Sláinte

*Ionaid chúram príomhúil agus bloic bhardaí*

Anois tá 129 Ionad Chúram Príomhúil (PCC) in oibriúchán iomlán ar fud na tíre.

Críochnaíodh an clár Comhpháirtíochta Príobháidigh Poiblí (PPP), atá tar éis 14 ionad chúram príomhúil a sheachadadh ar fud na tíre, ag tús 2019 leis an ionad deiridh ag oscailt in gCnoc an tSamhraidh, Baile Átha Cliath 1. Bhí an tionscadal cnuasach PPP seo mar cheann de na chéad thionscadail in Éirinn a fuair Maoiniú na hEorpa i gcomhair tacaíochta Infheistíochtaí Straitéisigh agus an chéad thionscadal dá leithéid in Eoraip in earnáil chúram príomhúil sláinte.

Tugann an infheistíocht straitéiseach áit tosaíochtadon earnáil Sláinte poiblí i dTionscadal Éireann 2040, lena n-áirítear acmhainn sláinte breise mar fhreagra ar athruithe déimeagrafacha agus éilimh an todhchaí. I gcomhréir leis an tosaíocht sin, bhí dhá bhloc bharda géar nua seachadta in Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, agus Ospidéal Ollscoile Phort Láirge in 2019.

### Infheistíocht r-Shláinte

Ag tógáil tuilleadh ar dhul chun cinn Straitéise r-Shláinte na Roinne, rinneadh dul chun cinn suntasach le buaicphointí áirithe lena n-áirítear dul chun cinn ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais Comhtháite agus Taifead Sláinte Leictreonach, a chríochnaigh garspriocanna suntasacha ina bpróisis faofa.

Bhí faomhadh faighte ón Rialtas in Iúil 2019 chun tús a chur le soláthair dhul chun cinn don Taifead Sláinte Leictreonach i gcomhair ospidéil nua na bpáistí, agus comhpháirt riachtanach le ospidéal deartha go digiteach. Cumasaíonn infheistíocht leanúnach in r-Shláinte agus infreastruchtúr ICT digitiú ar sheirbhísí sláinte agus nascacht fheabhsaithe i gcúram príomha agus pobail le os cionn 200 tionscadal ICT maoinithe ag caipitil i mbun dul chun cinn ag aon am.

I gceangal le HSE agus geallshealbhóirí eile, tá an Roinn ag tacú le inseachadtaí Sláintecare chun feidhmiú céimneach a luasghéarú inár gcórais r-Shláinte agus infreastruchtúir lena n-áirítear Taifead Sláinte Leictreonaigh, r-Chógaslann, an Córas Bainistíochta Airgeadais Comhtháite agus príomh-chórais cliniciúla.

### Éire na Sláinte

Bhí tionscnaíocht Éire na Sláinte do Chathracha agus Contaetha fairsingthe in 2019 agus áirítear leis anois naoi Cathair agus Contae Sláinte déag, le foilseachán phlean forbartha don ghréasán le bheith foilsithe in 2020. D'eascraigh an tionscnaíocht ó Chlár Cathracha Sláinte WHO agus tacaíonn sé le cruthaíocht pobail sláintiúla agus comhoibríocht chun cur i bhfeidhm a thabhairt go dtí polasaí náisiúnta. Faigheann an tionscnaíocht tacaíocht ó Chiste Éire na Sláinte agus Feachtas Cumarsáide Éire na Sláinte.

Tá Ciste Éire na Sláinte ag tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Get Ireland Walking, agus forbairt Straitéise Rothaíochta Get Ireland Cycling, ag obair i gcomhoibríocht le Spórt Éireann agus geallshealbhóirí tábhachtacha eile. Rinneadh dul chun cinn suntasach le cur i bhfeidhm.

## 2.11 Earnálacha Infheistíochta Poiblí Eile

Áirítear le Tionscadal Éireann 2040 freisin réimse infheistíochta níos leithne in earnálacha tábhachtacha.

### Earnáil Dlí

Táthar ag leanúint le tionscadail i bpíoblíne Dlí ar oibreacha chaipitil.

Tabharfaidh maoiniú Thionscadal Éireann 2040 foráil i gcomhair coimpléisc Chúirt Leanaí ag Lána Hammond, Baile Átha Cliath, agus stáisiúin nua na ngardaí agus áiseanna. Tá na tionscadail sin le déanamh trí PPP agus faoi láthair tá siad ag an staid pleanála agus deartha. Tá An Garda Síochána ag obair leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas, an OPW, agus Gníomhaireacht Airgeadais Forbartha Náisiúnta chun tionscadal PPP na nGardaí a bhunú chun Stáisiúin nua na nGardaí a fhorbairt. Ó thaobh sin, beidh suíomhanna stáisiún na nGardaí le forbairt ag cur san áireamh cur i bhfeidhm na samhlach oibriúcháin.

- Tá obair ar siúil le Stáisiún na nGardaí Sráid Mhic Giobúin, agus bhí céim 1 críochnaithe in 2019.
- Bhí Stáisiún na nGardaí Roinne Bhaile Átha Luain agus Aonad Uisce na nGardaí Bhaile Átha Luain ag staid tógála araon in 2019.
- Bhí tionscadal Seirbhísí Promhaidh Luimnigh ag staid chur i bhfeidhm tógála.
- Tá infheistíocht mhaoinithe suntasach á déanamh ag an nGarda Síochána i gclár comhtháiteach le córais ICT nua a chuidíonn chun acmhainn an Gharda Síochána a optamú chun cloí le riachtanais polasaithe reatha agus sa todhchaí araon.
- I Nollaig 2019, bhí 2000 gléas soghluaiste nua soláthraithe. Tá béim tosaigh ar Pholasaí Bóithre ag soláthair baill na nGardaí le braiteoireacht fíor-ama ar thaobh an bhóthair.
- Críochnaíodh forbairt Chórais Bainistíochta Imscrúdaithe (IMS) in 2019, ag tabhairt athraithe trasfhoirmithe agus faoi cheannas digiteach ar conas a mbeidh bainistíocht déanta ar imscrúduithe ar feadh na heagraíochta.
- Bunaíodh ceithre Sheomra Rialaithe Réigiúnach ag corprú cumraíochta seirbhísí teileafónaíochta, TETRA, ECAS agus CCTV.
- Lean obair ar siúil in 2019 ar chomhréireacht le rialacháin sláinte agus sábháilteachta i dtógáil agus aisfheistiú fhoirgnimh éifeachtachta ó thaobh fuinnimh.



Áiseanna nua le Flít na nGardaí

## Bainistíocht Eastáit

Tugann Tionscadal Éireann 2040 maoiniú don OPW i gcomhair tacaíochta ar go leor limistéir maoine.

Shroich na tionscadail maoine a leanas deireadh in 2019;

- Athchóiriú críochnaithe ar Theagh Laighean Stairiúil;
- Athchóiriú críochnaithe ar Stáisiún Ghleann Maghair na nGardaí;
- Tógáil Ionaid Scrúdaithe Tiomána Dhún Dealgan críochnaithe, agus
- Athchóiriú ar Chúirt Dhún ar Aill críochnaithe

# Cuid 3:
# An diminsean spásúil

Leagann an Creat Náisiúnta um Phleanáil (NPF) amach an fís agus straitéis chun forbartha ár dtíre go dtí 2040 agus tugann an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) infheistíocht chumasaithe chun an straitéis a chur i bhfeidhm.

Le chéile, is dhá philéar iad an NPF agus NDP le Tionscadal Éireann 2040, ag leagan amach físe roinnte chun pleanála comhordanáidigh agus infheistíochta, ag nascadh tosaíochtaí forbartha spásúla agus feabhsúchán ár n-infreastruchtúir.

### Creat Náisiúnta um Phleanáil - Achoimre ar Príomh-ghaiscí/Buaicphointí in 2019


- Bunaíocht Oifige an Rialaitheora Pleanála (OPR)
- Rinne an trí Straitéisí Spásúla Réigiúnacha agus Eacnamaíoch (RSES): Straitéis Spásúil Réigiúnach agus Eacnamaíoch an Chomhlachais Réigiúnaigh Láir na Tíre agus an Oirthir a d'fhoilsigh in 28 Meitheamh, Straitéisí do Chomhlachas Réigiúnach an Deiscirt agus chomhaontaith Comhlachas Réigiúnach an Iarthair agus an Tuaiscirt in 2019 agus a d'fhoilsigh i ndeireadh Eanáir 2020;
- Ina chéad bhliain caiteachais, 2019, bhí €18.6m i maoiniú á tharraingt síos ag iarratasóirí maidir le tionscadail tacaithe don Chiste Athshlánaithe Uirbigh agus Forbartha (URDF), agus tá €130m ar fáil chun tacú leo sin agus tionscadail cosúla in 2020; agus
- I ndiaidh bunaíocht na Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún (LDA) de réir reachtaíochta thánaistigh in 2018, d'fhaomhaigh an Rialtas dréachtú ar Bhille Gníomhaireachta um Fhorbairt Talún 2019, chun bunaíocht an LDA a chumasú faoi réir reachtaíocht phríomha.

### Cur i bhfeidhm NPF - forléargas

Leagann an chéad Tuarascáil ar Dhul chun Cinn do Thionscadal Éireann 2040 mionsonraí ar phlean chur i bhfeidhm i ndiaidh seoladh Thionscadail Éireann 2040 in 2018. Áirítear le tosaíochtaí don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) chun dul chun cinn a thabhairt ar chur i bhfeidhm an NPF in 2018, tacú le bunaíocht Bhord Seachadta Thionscadal Éireann 2040, ag tabhairt maoirseachta ar dhul chun cinn ar ullmhúchán an trí Straitéisí Spásúla Réigiúnacha agus Eacnamaíoch (RSES), ag forbairt, seoladh, agus bunú an URDF, an LDA agus Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR). Bhí na bearta sin uile, a thacaíonn le aschuir straitéiseacha an NPF lena n-áirítear fás comhdhlúite, seachadta in 2019, agus tá creat chuimsitheach i bhfeidhm anois chun dul chun cinn a thabhairt ar chur i bhfeidhm sna blianta le teacht.

### Soláthar Tithíochta

Ba é líon na dtithe nua ag éirí ar fáil i gcomhair úsáide in 2019 ná 24,397. Sin ardú 14% ar 2018. Ar iomlán, bhí 21,138 Críochnaithe Áitribh don tréimhse céanna, ardú 18% ar bhliain iomlán 2018. Leis sin, bhí 711 teach neamhchríochnaithe críochnaithe agus cuireadh 2,548 teach a bhí folamh ar feadh 2 bhliana ar a laghad in úsáid arís in 2019.



Ireland's Three Regions
Targeting a level of growth in the country's Northern and Western and Southern Regions combined, to at least match that projected in the Eastern and Midland Region.
Compact Growth
Targeting a greater proportion (40%) of future housing development to be within and close to the existing 'footprint' of built-up areas.
DERRY/ LONDONDERRY
LETTERKENNY
Northern Ireland
BELFAST
SLIGO
NEWRY
DUNDALK
Northern and Western Regional Assembly Area
DROGHEDA
ATHLONE
DUBLIN
GALWAY
Eastern and Midland Regional Assembly Area
CITIES
REGIONAL CENTRES
CROSS BORDER NETWORK
LIMERICK
Southern Regional Assembly Area
WATERFORD
CORK
Ireland's Capital
Supporting the future growth and success of Dublin as Ireland's leading global city of scale, by better managing Dublin's growth to ensure that more of it can be accommodated within and close to the City.
Ireland's Rural Fabric
Reversing town/village and rural population decline, by encouraging new roles and functions for buildings, streets and sites.
Ireland's Cities
Supporting ambitious growth targets to enable the four cities of Cork, Limerick, Galway and Waterford to each grow by at least 50% to 2040 and to enhance their significant potential to become cities of scale.
23

# Cuid 4:

# Athchóiriú, monatóireacht agus cur i bhfeidhm

Leag an Plean Forbartha Náisiúnta amach réimse meicníochtaí nua deartha chun cur i bhfeidhm éasca a chinntiú do réimse tionscadail agus cláir móra a chomhdhéanann Tionscadal Éireann 2040. Bhí struchtúir agus cláir athchóirithe ar siúil in 2019 chun luach feabhsaithe ar airgead a thiomáint, mar aon le cinnteacht chostais agus críochnú cláir infheistíochta móra poiblí go tráthúil.

## 4.1 Monatóireacht ar Chur i bhFeidhm

Bunaíodh Bord Seachadta Thionscadal Éireann 2040 comhdhéanta le Ard-Rúnaithe ó na príomh-Ranna caite caipitil in 2018 agus tagann siad le chéile go rialta chun ceannaireacht éifeachtach a chinntiú don phróiseas chur i bhfeidhm. Bhí ceithre chruinniú ag an mBord Seachadta in 2019. Príomh-fheidhm leis an mBord Seachadta ná seachadadh tionscadail agus polasaithe a rianú, maidir le infheistíocht chaipitil agus pleanáil spásúil araon. Déanann an Bord Seachadta monatóireacht ar an ndul chun cinn le forbairt na Straitéisí Eacnamaíocha Réigiúnacha agus Spásúla, le maoirseacht agus nuashonrú ar an gCód Caiteachais Poiblí (PSC) agus dúshláin féideartha a aithint chun curtha i bhfeidhm rathúil Thionscadal Éireann 2040.

Uirlis chumasaithe thábhachtach don Bhord Seachadta ná na Tionscadail Infheistíochta agus Rianaire Cláir a foilsíodh i mí na Samhna 2017 agus nuashonraithe in 2018. Tugann an Rianaire nuashonrú comhdhéanta ar dhul chun cinn gach infheistíochtaí móra a dhéanann suas Tionscadal Éireann 2040.

Forbraíonn an nuashonrú is déanaí (Eanáir 2020) ar chlúdú tionscadail, lena n-áirítear faisnéis ar thithíocht agus tionscadail scoile, agus réimsí sonraí.

Tá faisnéis ar leith ag an rianaire nuashonraithe maidir le stádas reatha tionscadail agus mionsonraithe freisin ar thús tógála tionscadail agus dátaí críochnaithe.

Tá faisnéis níos míne aige ar sceidealú seachadta, lena n-áirítear garspriocanna i gcomhair príomh-staideanna shaolré an tionscadail ailínithe le PSC nuashonraithe a foilsíodh le déanaí.


Áirítear leis freisin deaiseanna furasta le úsáid agus faisnéis eile chun cuidiú le sonraí a léamh. Mar sin, is uirlis thábhachtach é an rianaire chun maoirseacht a thabhairt ar dhul chun cinn Thionscadal Éireann, don rialtas, tionscal agus gach saoránaithe.

Príomh-athrú sa chuid seo ná an gluaiseacht amach ó mheastacháin pointe le costais tionscadail agus fábhar tugtha chun réimse costais a chur leis. Níl go leor ceisitithe, go nádúrtha, ar mheastacháin ag staideanna luath ar chostais an tionscadail, agus ní bhíonn siad lánbhrí go dtí pointe áirithe ama agus ní chuireann siad go leor mionsonraí san

áireamh.

Nuálaíocht eile déanta ná forbairt uirlise léarscáilithe idirghníomhach nua ar líne *MyProjectIreland* a thugann nuashonrú ar thionscadail tosaíochta thar gach réigiún. Is príomh-eilimint é sin le rannpháirtíocht shaoránaithe a thabharfaidh faisnéis nuashonraithe ar dhul chun cinn an tionscadail thar gach réigiún.

**Léarscáiliú ar an bpíblíne infheistíochta**





Foinse: Tionscadai

Áirítear le Cuid 2 (Eanáir 2020);

- Fairsingiú ar chlúdach os cionn 600 tionscadal, lena n-áirítear sampla infheistíochtaí ar scoileanna agus forbairtí tithíochta sóisialta;
- Feidhmiúlacht shoghluaiste feabhsaithe chun feabhas a chur ar eispéireas an úsáideora agus baill an phobail ag féachaint air i ngléasanna soghluaiste;
- Feidhmíocht chuardaigh feabhsaithe; agus
- Feidhm cuardaigh eircode nua ina féidir le úsáideoirí a gcuid eircode a chur isteach chun go ndéanfaidh Amharcóir zúmáil isteach ina cheantar.

Leis sin, ba thuarascáil nua é *Ionchais - Píblíne na hÉireann ar Thionscadail Móra Infreastruchtúir* foilsithe in Eanáir 2020 agus tugann sé tuilleadh infheictheachta ar sheicheamh sampla tionscadail infreastruchtúir tosaíochta na hÉireann sna blianta le teacht, ag éascú leis sin pleanáil ag comhlachtaí tógála in Éirinn agus thar lear i gcomhair deiseanna tráchtála le teacht. Tá faisnéis ardleibhéil ag an tuarascáil ar 50 de na tionscadail is mó san áireamh le Tionscadal Éireann 2040 agus postálann sé i bhfoinsí eile i gcomhair faisnéise níos mionsonraithe.




## 4.2 Nuálaíocht Thógála

De réir mionsonraithe i dTuarascáil Build 2020, beidh infheistíocht iomlán in Éirinn in 2020 i measc na cinn is airde san AE. Teastaíonn an infheistíocht sin chun forbartha infreastruchtúir sóisialta, eacnamaíoch agus aeráide. Chun na deiseanna sin a thapú, is gá dúshláin suntasacha a shárú timpeall acmhainne an earnála tógála. Tá an Rialtas agus an tionscal araon ag glacadh réimse leathan bearta chun dul i ngleic leis na rioscaí sin.

I gcomhairleoireacht dhlúth le Grúpa an Earnála Tógála (CSG), rinneadh anailís leathan ar tháirgiúlacht san earnáil thar chúrsa 2019 chun cur chuige nua a aithint i gcomhair feabhsaithe. Thug an obair sin faisnéis don tuarascáil Nuálaíochta Tógála in 2020.


In 2019, sheol an Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta Creatlach ar Phoist don Todhchaí na hÉireann, bunaithe ar ghlacadh le nuálaíocht agus athrú teicneolaíochta, táirgiúlacht fheabhsaithe, cur le scileanna agus aistriú chuig geilleagar íseal charbóin.

Tá an tuarascáil Nuálaíocht Thógála in 2020 ailínithe go mór leis an straitéis, agus leis an gcur chuige comhordaithe sin, seasann an tionscail tógála chun gnóthuithe suntasacha a dhéanamh i dtáirgiúlacht trí shineirgí á bhforbairt in éiceachóras nuálaíocht níos leithne na hÉireann.

Tagann trí théama tábhachtach, agus má dhéileáiltear leo, is féidir leo brabúis, tuarastail agus aschur a fheabhsú don tionscal, agus luach ar airgead a sholáthar mar sin i seachadadh Thionscadal Éireann 2040.

Áirítear leo sin:

1. An riachtanas don tionscal, go háirithe SME agus comhlachtaí beaga, chun infheistíocht a ardú i nuálaíocht agus teicneolaíocht chun an chéad tréimhse eile fáis a chothú, bunaithe ar fhondúireacht glacachta digitigh, ag cliaint agus conraitheoirí araon;
2. An riachtanas chun athchóirithe rialála leanúnach i soláthar poiblí, comhshaoil, oibre agus i réimsí eile chun cuíchóiriú agus cúnamh a thabhairt chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht a bhaint amach; agus
3. An riachtanas cgun cinnteacht agus infheictheacht an phíblíne do dheiseanna tionscadail a ardú chun muinín a thabhairt don tionscal infheistíocht a dhéanamh.




Tá tuilleadh mionsonraí maidir leis na bearta le glacadh laistigh tuarascála Nuálaíochta Thógála in 2020 agus déanfaidh siad sin bunús an chláir oibre don CSG in 2020. Beidh an CSG ag cloí gach ceathrú, ag tabhairt deis monatóireachta ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha sin agus dul chun cinn ar réimse

ceisteanna chun leasa an earnála agus seachadta Tionscadail Éireann 2040.

## 4.3 Athchóiriú ar Rogha, Breithmheas agus Soláthar an Tionscadail

Leanann Éire ag cur feabhais ar a feidhmíocht ag seachadadh tionscadail in am agus laistigh an bhuiséid. Thar an chuid is mó earnálacha, tá tionscadail ag teacht ar an mbuiséad. Le blianta beaga, bhí dul chun cinn mór ar ghairmiúlacht bhainistíochta tionscadail, go háirithe san earnáil uisce, mótarbhealaigh agus iompar poiblí.

Chun tacú le comhlachtaí poiblí luach ar airgead a sheachadadh agus iad ag cur Tionscadal Éireann 2040 i bhfeidhm, tá an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe (DPER) agus Oifig Soláthair an Rialtais (OGP) ag déanamh dul chun cinn ar go leor athchóirithe le córas bainistíochta ar infheistíochtaí na hÉireann ag díriú níos mó ar sheachadadh tráchtála tionscadail agus meastachán níos fearr agus bainistíocht chostais.

### Acmhainn a chinntiú don earnáil poiblí

Tá DPER ag déanamh Athbhreithnithe Acmhainneachta faoi láthair ar chomhlachtaí an earnála poiblí chun:

- Ceachta a fhoghlaim ó na earnálacha is airde feidhmíochta - mar shampla bóithre - ar féidir a chur i bhfeidhm i réimsí eile.
- Struchtúir nua a neartú agus a thógáil mar aon le scileanna chun cleachtais seachadta tionscadail an Stáit a fhorbairt agus a nua-aoisiú.

Tá an t-athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair le tacaíocht ón Seirbhís Tacaíochta Athchóirithe Struchtúrtha an AE.

### Nuashonrú ar an gCód Caiteachais Poiblí


Bhí an chéad chuid d'athchóiriú infheistíochta phoiblí seachadta in 2019. In 2019, d'fhoilsigh DPER an 'Cód Caiteachais Poiblí: Treoir chun Measúnaithe, Pleanála, agus Bainistíochta ar Infheistíocht Phoiblí' i Nollaig 2019. Tháinig an chéad Chód nuashonraithe in éifeacht ar an 1ú Eanáir 2020.

Bhí an nuashonrú ar an gCód Caiteachais Poiblí (PSC) críochnaithe i ndiaidh próisis comhairleoireachta cuimsithigh le faisnéis ón dea-chleachtas.

Príomh-athruithe don PSC ná:

- Níos mó treoraíochta inrochtana le soiléire níos mó ar rialachas, róil, agus freagrachtaí;
- Ailíniú níos mó le réaltacht seachadta tionscadail;
- Geataí stuama do chinntí a dteastaíonn faomhadh uathu de réir is a théann dul chun cinn an tionscadail ar aghaidh;
- Dearcadh níos forbartha a fháil ar chostais, rioscaí, agus frámaí ama sula bhfuiltear tiomanta chun dul ar aghaidh le tionscadal;
- Rannpháirtíocht níos luaithe agus iniúchadh ar thionscadail trí Staid Measúnaithe Straitéiseach nua;
- Níos mó béime ar anailís airgeadais agus inacmhainneacht;
- Béim a fhairsingiú i gcomhair breathnóireachta níos leithne ar an gcás gnó do thionscadail, amhail
  - breithmheas
  - dearadh
  - Straitéis soláthair
  - inseachadtacht
  - Riosca; agus
- Follasacht níos mó trí fhoilseachán cás gnó agus tuarascálacha measúnaithe.

Beidh a thuilleadh treoraíochta teicniúil, ag díriú ar bhreithmheas airgeadais agus teimpléidí, foilsithe in 2020.



Thug DPER breithmheas ar na buntáistí féideartha le mionscrúdú níos struchtúrtha ar thionscadail infheistíochta poiblí móra, ag díriú go háirithe ar stuamacht an tseachadta pleanáilte, cruinneas na meastachán costais, agus breithniúchán ar rioscaí. Tá DPER ag forbairt próisis rialachais agus ráthaíochta nua i gcomhair gach tionscadail móra le costas measta os cionn €10 milliún a thiocfaidh i bhfeidhm in Q1 2021.

### Soláthar Athchóirithe do Thionscadail Mór

In 2019, rinne an OGP dul chun cinn ar athchóirithe suntasacha ar conas a dhéanaimid soláthar agus seachadadh do thionscadail móra. Bhí trí phrionsabal ag tacú leis an obair - Straitéis, Riosca agus Feidhmíocht - a thabharfaidh creat chun an chéad ghlúin eile Chreatlaigh Bainistíochta ar Oibreacha Caipitil a fhorbairt.

- I Márta 2019, sheol an tAire athbhreithniú ar na polasaithe agus bearta imlonnaithe i soláthar tionscadail oibreacha poiblí.
- Chuir an t-athbhreithniú béim ar sheachadadh tionscadail tógála a fheabhsú i dtéarmaí cáilíochta, seachadta tráthúla agus aschuir costais.
- Déanfaidh an t-athbhreithniú seachadadh ar athruithe móra don Chreatlach Bainistíochta Oibreacha Caipitil (CWMF) sna blianta le teacht.
- Forbraíodh ardleibhéal straitéise le Coiste Conartha Tógála an Rialtais (GCCC) a thabharfaidh treoir chun cur i bhfeidhm, a ndéileáilfear leis go príomha trí mhionchoigeartú agus feabhsú CWMF.
- D'ullmhaigh an OGP modheolaíocht chun rannpháirtíochta struchtúrtha forleathan, le geallshealbhóirí an earnála poiblí agus an tionscail, lena n-áirítear CSG chun faisnéis a thabhairt do chur i bhfeidhm na straitéise. Bhí sraith páipéir seasaimh foilsithe ar go leor ábhair chun díospóireacht agus rannpháirtíocht a chothú ar cheisteanna áirithe le linn an phróisis athbhreithnithe.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar go leor tús le béim tosaigh ar an mbealach a bhíonn gairmithe teicniúla tógála rannpháirteach, a bhfuil an earnáil poiblí ag brath orthu go mór chun tionscadail tógála a sheachadadh. Le cinneadh níos fearr maidir le scóip na seirbhíse agus róil is freagrachtaí na ngairmithe difriúla a chomhdhéanann an fhoireann deartha sin, táthar ag súil go mbeidh na táillí á dtairiscint do na conarthaí sin ag léiriú ardchaighdeáin na seirbhíse níos fearr, rud a theastaíonn chun comhairle cuí a thabhairt don chomhlacht cliaint agus riachtanais an chonartha d'oibreacha tógála a shonrú.

- Foilsíodh "Páipéar Seasaimh ar Rannpháirtíocht Chomhairleoireachta" i mBealtaine 2019, mar chuid d'fhorbairt an chéad ghlúine eile CWMF.
- Éagsúlú praghas bainteach le boilsciú - thosaigh próiseas tairisceana chun rannpháirtíochta na gcomhairleoirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar na meicníochtaí éagsúlaithe praghais ar chonarthaí tógála CWMF agus seirbhísí araon.
- Samhlú Faisnéise Tógála a Ghlacadh (BIM) ar thionscadail oibreacha poiblí - rinneadh rannpháirtíocht fhorleathan le Údarás Caighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus geallshealbhóirí eile chun caighdeáin a fhorbairt a cheadóidh do chomhlachtaí poiblí seirbhísí BIM a sholáthar ar bhealach comhleanúnach thar an NDP.
- Tharla rannpháirtíocht luath freisin chun teimpléidí rialaithe costais agus treoraíochta lena n-áireofar cur chuige cuimsitheach ar luacháil saolré.

I dteannta le chéile, eascróidh na próisis athchóirithe sin in athrú suntasach ar pholasaí agus cuideoidh siad luach níos fearr a sheachadadh don cáiníocóir i gcur i bhfeidhm Thionscadal Éireann 2040.

## 4.4 Cumarsáidí Straitéiseacha

Le bunaíocht Foirne Cumarsáisí laistigh IPPO, rinneadh beachtú agus neartú suntasach ar chumarsáidí geallshealbhóra.

Cuireadh go leor beartaíochtaí i bhfeidhm chun dul i ngleic le riachtanais cumarsáide grúpaí

geallshealbhóirí difriúla, lena n-áirítear seoladh an Tuarascála Bhliantúla 2018 agus léarscáil idirghníomhach *MyProjectIreland* a chur ar fáil, foilseachán sraith Faisnéisithe Réigiúnacha, feachtas fógraíochta trasdulta agus Tionscadal Éireann 2040 a chur mar Thosaíocht an Rialtais ag Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta.

- Bhí seoladh an Tuarascála Bhliantúla reachtáilte i síneadh le Leabharlann Glucksman Luimnigh, ceann de thionscadail ba luaithe le tacaíocht ó Thionscadal Éireann 2040 ag tabhairt 1,200 áit staidéir nua. Bhí uirlis léarscálaithe idirghníomhach *MyProjectIreland* seolta freisin, ag ceadú do bhaill an phobail dul ar líne agus mionsonraí a aimsiú maidir le tionscadail ina gceantar.
- Ullmhaíodh sraith Faisnéisithe Réigiúnacha agus foilsíodh iad chun a thuilleadh léargais a thabhairt ar thionchar náisiúnta na mbearta á seachadadh faoi réir Thionscadal Éireann 2040.
- Le tóraíocht taisce agus léiriú Réaltachta Fhíorúil, chas an fhoireann le 2,500 duine thar tréimhse Chomórtas Náisiúnta Treabhadóireachta, ag míniú Tionscadail Éireann 2040 agus ag taispeáint gov.ie/2040 le gach idirghníomhú.
- Le linn 2019, rith feachtas trasdulta dár teideal 'Faigh amach conas atáthar ag tógáil todhchaí na hÉireann anois' i dtrí bhriseadh dhá sheachtaine an ceann ó 6 Bealtaine, 28 Iúil agus 6 Dheireadh Fómhair, ag giniúint os cionn 50,000 clic ar gov.ie/2040. Bhí an feachtas ar 500 Bus Bhaile Átha Cliath, líne Dearg agus Glas an Luas, 50 carr Iarnróid Éireann agus 100 Stad Bus i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach, Port Láirge agus ar fud na tíre an bhliain ar fad.
- Le linn 2019, bhí go leor oibre déanta maidir le úsáid chuí féiniúlachta.